The fight against organised crime stretches beyond Ireland's borders and An Garda Síochána work closely with their international colleagues to break the networks of serious criminals and prevent them from inflicting misery on our communities. An Garda Síochána regularly liaises and cooperates with their international policing and security partners, such as EUROPOL and INTERPOL, and the FIU's work makes an important contribution to the global fight against money laundering and terrorist financing.



## Appendix 4: Anti-Money Laundering Compliance

- **Anti-Money Laundering Compliance Competent Authority Activities - report under section 65 of the Criminal Justice (Money Laundering and Terrorist Financing) Act 2010 as amended**

The Minister for Justice, as a competent authority under the Criminal Justice (Money Laundering and Terrorist Financing) Act 2010 as amended, has under section 108 of the Act delegated the Minister's competent authority functions to the Anti-Money Laundering Compliance Unit (AMLCU) in the Department.

The AMLCU website, [www.amlcompliance.ie](http://www.amlcompliance.ie), is a key information tool used by the AMLCU to disseminate information and raise awareness and the full AMLCU annual report for 2021 will be published there.

In 2021, regulatory investigators of the AMLCU carried out a total of 280 inspections of designated persons it supervises. For the first five months of 2021, the AMLCU was unable to conduct onsite inspections due to Covid-19 restrictions and during that period carried out inspections remotely using Webex video conferencing and Sharefile for secure file transfer.

Once restrictions eased, onsite inspections resumed. 2021 inspections comprised 106 inspections of High Value Goods Dealers; 138 inspections of Trust or Company Service Providers; 23 inspections of notaries; 8 inspections of gambling providers and 5 inspections of Tax Advisors/ External Accountants.

In 2021, the AMLCU also processed 86 TCSP authorisation renewals, new applications and revocations. During the year, as part of its outreach activities, the AMLCU made a presentation to the Faculty of Notaries Public in Ireland and hosted a webinar for high value art traders and intermediaries who became designated persons under the amendments to the Act in 2021.

The AMLCU also presented to the Private Sector Consultative Forum, the Law Society's Annual Business Law Conference and the CAB Postgraduate Diploma in Proceeds of Crime and Asset Investigation as well as meeting with other stakeholder bodies including the Irish Taxation Institute and the Irish Bookmakers Association.

## Appendix 5: Sustainability


### 1. Energy


The Department, in common with all public bodies, is obliged under the Climate Action Plan (CAP 21) to achieve a 50% improvement in energy efficiency (vs 2009) and reduce our energy related greenhouse gas emissions by 51% by the end of 2030 (versus an average of 2016-18). Our progress is monitored and reported on annually by the Sustainable Energy Authority of Ireland.

Preliminary data, reproduced below, indicates we achieved energy efficiency savings of 42.4% in 2021, this is down slightly on 2020's figure of 46%. (the 2021 figure has yet to be verified).

Direct consequences of the response to the Covid 19 pandemic resulted in the temporary closure of public offices, and the majority of our staff pivoting to working from home, wherever possible. While we did see a return to the office for some staff members of during 2021 it did not hugely impact our energy savings the whole buildings were still being heated and cooled (or ventilated) during 2020

While our **Green Team** were not able to meet in person, training for the team commenced, and the Department continues to participate in the OPW's Optimising Power @ Work awareness scheme.





(Source: SEAI)

## 2. Carbon offsets

Under DPER circular DPE 019-001-2020, beginning in 2020, the Department of Justice is required to record the carbon emissions associated with all official flights made within a calendar year, and to pay a corresponding amount into the Climate Action Fund, based on the prevailing rate of carbon tax (€26 per tonne in 2021). The Department has made the required payment for 2021. The number of flights, carbon total and resulting carbon offset for the Department, for 2021, is shown in our chart.

2021 Carbon Abatement summary			
	# of flights	Carbon total in kg	Carbon offset cost
Jan	5	1457.8	€37.90
Feb	8	3693.3	€96.03
Mar	1	419.2	€10.90
Apr	2	466.4	€12.13
May	8	3060.7	€79.58
Jun	29	8907.6	€231.60
Jul	15	5189.1	€134.92
Aug	19	3600.1	€93.60
Sep	18	4726.9	€122.90
Oct	20	5092.2	€132.40
Nov	40	13365.6	€347.51
Dec	26	9550.8	€248.32
<b>Total</b>	<b>191</b>	<b>59529.7</b>	<b>€1,547.77</b>



# Tuarascáil Bhliantúil 2021



## Clár

<b>Brollach ón Aire Dlí agus Cirt .....</b>	<b>108</b>
<b>Réamhrá ón Ard-Rúnaí.....</b>	<b>110</b>
<b>Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach .....</b>	<b>112</b>
<b>1. Timpeallacht Oibriúcháin na Roinne .....</b>	<b>113</b>
1.1 Freagrachtaí na Roinne	113
1.2 Dualgas na hEarnála Poiblí	113
<b>2. Struchtúr na Roinne .....</b>	<b>119</b>
2.1 Forléargas ar an Roinn	119
2.2 Forléargas ar Cholúin agus ar Fheidhmeanna	120
2.3 Feidhmeanna laistigh de na Colúin Ceartais Shibhialta agus Ceartais Choiriúil	121
2.4 Feidhmeanna Lárnacha	123
<b>3. An bhliain 2021 i bhFigiúirí .....</b>	<b>126</b>
<b>4. Súil siar ar an mbliain 2021 .....</b>	<b>127</b>
4.1 Eanáir – Márta	127
4.2 Aibreán – Meitheamh	130
4.3 Iúil – Meán Fómhair	135
4.4 Deireadh Fómhair – Nollaig	138
<b>5. Reachtaíocht .....</b>	<b>141</b>
Billí Reachtaíochta Coiriúla a achtaíodh sa bhliain 2021	141
Billí Reachtaíochta Coiriúla a foilsíodh in 2021	144
Scéimeanna Ginearálta do Reachtaíocht Choiriúil a foilsíodh in 2021	144
Billí Reachtaíochta Sibhialta a achtaíodh in 2021	144
Scéimeanna Ginearálta do Reachtaíocht Shibhialta a foilsíodh in 2021	146
<b>6. Dul chun cinn faoi Phlean Ceartais 2021 .....</b>	<b>147</b>
6.1 Sprioc 1: Dul i glic le coireacht, cur leis an tslándáil náisiúnta agus póilíneacht a athrú ó bhonn	148
6.2 Sprioc 2: Rochtain ar cheartas a fheabhsú agus an córas cúirteanna a nuachóiriú	170
6.3 Sprioc 3: Sábháilteacht phobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac	181
6.4 Sprioc 4: Córas inimirce cothrom a chur ar fáil d’aois dhigiteach	194

6.5 Sprioc 5: Dlús a chur le nuálaíocht, claochlú digiteach agus gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais 200

<b>Aguisín 1: Gníomhaireachtaí, Oifigí agus Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne .....</b>	<b>206</b>
<b>Aguisín 2: Tuairisciú ar Sholáthar Poiblí Glas.....</b>	<b>207</b>
<b>Aguisín 3: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe .....</b>	<b>208</b>
<b>Aguisín 4: Comhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid .....</b>	<b>216</b>
<b>Aguisín 5: Inbhuanaitheacht .....</b>	<b>218</b>



## Brollach ón Aire Dlí agus Cirt



Táim thar a bheith sásta Tuarascáil Bhliantúil 2021 na Roinne Dlí agus Cirt a chur i láthair. Is é an chéad fhreagracht atá orainn sa chóras ceartais muintir na tíre agus an Stáit a chosaint. Ach clúdaíonn ár mbeartais agus dualgais sa Roinn Dlí agus Cirt réimse i bhfad níos leithne, agus baineann siad le réimsí éagsúla de shaol agus shochaí na hÉireann. Mionsonraítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na cuspóirí beartais atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise a chur chun cinn.

Mar aon le cinnte a dhéanamh de go bhfuil muintir na tíre slán agus sábháilte, tá sé de dhualgas orainn bealach i dtreo ceartais a chur ar fáil atá cothrom agus inrochtana; tacú le híospartaigh agus le pobail; agus caitheamh go hómósach le daoine a fhéachann le tearmann a lorg sa tír seo nó le cur fúthu anseo.

In 2021, in ainneoin na srianta a bhain le COVID-19, chuir an Roinn reachtaíocht shuntasach nua chun cinn, tugadh próiseas dearbhaithe reachtúil isteach d'iarratasóirí Saoránachta, agus leanadh i mbun tacaíocht a thabhairt dár ngníomhaireachtaí lena n-obair thábhachtach. Ar fud na ngníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí ar fad a bhaineann leis an earnáil Ceartais, foghlaimíodh cuid mhaith ó na tionscnaimh a tugadh isteach le linn na géarchéime COVID-19. Lean ár seirbhís phríosúin, an tseirbhís cúirte agus An Garda Síochána i mbun cláir dhigitithe a chur chun cinn agus a raibh an fhorbairt a rinneadh ríthábhachtach le go leanfadh na seirbhísí ar aghaidh le dhá bhliain anuas.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ina léiriú ar Roinn atá an-bhródúil as an gcomhoibriú a dhéantar lena cuid gníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí. I gcaitheamh bliana a bhí ina bliain dheacair eile, bhí go leor de na baill foirne ag obair ar an talamh ag déileáil le daoine leochaileacha i gcúinsí deacra. Mar gheall ar an dúthracht a léirigh ár mbaill foirne ar an líne thosaigh, bhíothas in ann leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil. Bhí dúthracht bhaill foirne na hoifige poiblí, na ndaoine a d'oibrigh sa bhaile, agus na ndaoine a bhí i láthair inár bhfoirgnimh, mar bhonn agus mar thaca ag an ngairmiúlacht atá ina cheann eile dár gcroíluachanna.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaí, an tAire Stáit James Browne TD, as tabhairt faoi réimse suntasach freagrachtaí breise le linn mo shaoire máithreachais. I gcaitheamh na sé mhí ar fad den tsaoire, chinntigh an tAire leanúnachas ríthábhachtach le linn na bliana dúshlánaí seo.

Chomh maith leis sin, táim an-bhuíoch don Aire Heather Humphreys agus don Aire Stáit Hildegard Naughton as ucht a gcuid oibre leis an Roinn le linn mo shaoire. D'oibrigh an bheirt comhghleacaithe gan stad gan staonadh le hoifigigh a ndearna a seacht ndícheall lena chinntiú go ndéanfaí an t-aistriú a bhainistiú go héifeachtach. Ba é seo an chéad uair riamh a tharla sé seo agus léiríonn sé, ainneoin gur baineadh amach cuid mhaith i dtaca le comhionannas, go bhfuil i bhfad níos mó le baint amach fós chun tacú le hionadaíocht chothrom sa pholaitíocht.



Le linn na bliana 2021, tionscnaíodh Dlí Coco, an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, mar aon le réimse bearta eile atá dírithe ar throid i gcoinne foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe. Maidir leis sin, fuair mo Roinn anchúnamh ó chomhpháirtithe na sochaí sibhialta agus ó chomhairliúcháin phoiblí fhairsinge, ach go háirithe ó na mná a roinn a scéalta pearsanta féin go misniúil ar na meáin shóisialta agus ar fhóraithe eile chun cuidiú linn aird a tharraingt ar an dochar is féidir a dhéanamh mar gheall ar na cionta seo.

Thar mo cheann féin, agus thar ceann an Aire Stáit, James Browne TD, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le baill foirne na Roinne agus na gcomhlachtaí ar fad atá faoi shainchúram na Roinne as ucht obair eiseamláireach a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus as ucht a ndúthracht mhór i leith na seirbhíse poiblí.

*An tAire Dlí agus Cirt*

## Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn maidir lenár spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach de réir mar a leagadh amach iad inár Ráiteas Straitéise 2021 go 2023. Mar Ard-Rúnaí, is pribhléid é machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh le linn 2021, in ainneoin na ndeacrachtaí leanúnacha a bhí ann de thoradh na paindéime.

Níl aon amhras faoi gur athraigh Covid-19 an bealach ina n-oibrímid: athrú dearfach agus nuálach atá i gceist i gcásanna áirithe ach bíonn breithniú cúramach ag teastáil i ndáil le gnéithe eile agus bíonn dúshlán nua i gceist leo. In ainneoin na héiginnteachta seo, leagtar amach clár uailmhianach inár straitéis i gcomhréir le gealltanais i gClár an Rialtais. Cuireadh bonn eolais faoin straitéis trí chomhairliúchán poiblí fairsing agus déantar forbairt ar ár struchtúr feidhme tríd an straitéis. Is straitéis é ina leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine, córais agus cultúr agus d'iad a fhorbairt.



Laistigh den tuarascáil seo, déanaimid cur síos ar roinnt den dul chun cinn a rinneadh d'fhonn ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh. Mar sin féin, léiríonn sé seo níos mó ná focail amháin ar an leathanach, is céimeanna nithiúla iad seo chun feabhas a chur ar an mbealach ina gcomhlíonaimid misean na Roinne don Rialtas agus don phobal ar a bhfreastalaímid go léir.

Laistiar de gach aon cheann de na gníomhartha, tá na daoine aonair agus foirne a oibríonn ar fud ár bhfeidhmeanna Beartais, Rialachais, Reachtaíochta agus Oibríochtaí, arna dtacú go cumasach leo ag comhghleacaithe ó Ghnóthaí Corparáideacha, ár bhfoireann um Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a neartaíodh le gairid, agus an fheidhm Trédhearcachta. Is é a gcuid oibre, tallainne agus dúthrachta a spreagann ár ndul chun cinn. Is díol suntais é freisin go raibh díograis agus obair chrua ár gcomhghleacaithe ar an líne thosaigh sa Roinn agus ar fud ár ngníomhaireachtaí mar fhoinsé bróid agus inspioráide againn go léir agus muid ag dul i ngleic leis na rabhartaí éagsúla de COVID-19 ar feadh na bliana.

Cé go leanaimid de leagan amach na heagraíochta a athbhreithniú agus a mhionchoigeartú chun freagra a thabhairt ar riachtanais agus tosaíochtaí a thagann chun cinn, táimid thar a bheith eolach gur gné lárnach maidir le hathrú a nuáil, a spreagadh agus a neadú ar fud na hearnála ar fad is ea ár gcultúr. Le linn na bliana 2021, d'oibrigh comhghleacaithe i gcomhar lena chéile chun luachanna na heagraíochta a nuashonrú agus a dhaingniú, agus aithníodh trí bhunluach, Comhoibríoch, Gairmiúil agus Oscailte, chun treoir a chur ar fáil dár gcuid oibre agus cruth a chur uirthi sna blianta atá amach romhainn. Agus cumas á fhorbairt trí thionscnaimh eagraíochtúla straitéiseacha a chur i bhfeidhm, leanfaimid d'oibriú le daoine eile, trí eolas a roinnt agus smaointe agus nuáil a chothú ag caighdeáin ard, ar mhaithe le leas an phobail.

Sa tuarascáil bhliantúil seo, ní thugtar cur síos mionsonraithe ach ar chuid d'obair na Roinne sa bhliain 2021, ach tá raon agus fairsinge na hoibre ina léiriú ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil d'Airí, don Oireachtas agus don phobal. Cuirtear lenár gcuid oibre trí éisteacht go grinn leis an bpobal, agus cé go raibh dúshláin i gceist leis sin uaireanta mar gheall ar COVID-19, táimid ag tnúth le tuilleadh comhoibriú agus comhoibriú níos doimhne sna blianta atá le teacht.


Táim fíorbhuíoch do mo chomhghleacaithe díograiseacha agus tréitheacha sa Roinn agus inár ngníomhaireachtaí ar fad ar fud na hearnála Ceartais as ucht a gcuid iarrachtaí agus comhthacaíochta, ar chóir dóibh a bheith fíorbhródúil as an méid ar fad a bhain siad amach le linn na bliana 2021.

*Oonagh McPhillips*





## Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach



## Roinn Chomhoibríoch, Oscailte agus Ghairmiúil



## 4. Timpeallacht Oibriúcháin na Roinne

### 1.1 Freagrachtaí na Roinne

Oibríonn an Roinn Dlí agus Cirt chun slándáil an phobail agus an tslándáil náisiúnta a chur ar aghaidh, ceartas agus comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, chun an fhís atá againn d'Éirinn atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach a thabhairt chun fáil.

Clúdaíonn sainchúram na Roinne gníomhaíochtaí chomh héagsúil le slándáil an Stáit, cosaint beatha agus maoinne, coireacht a chosc agus a bhrath, imirce isteach chuig an Stát a bhainistiú, Seirbhís Cúirteanna agus Coimisiún um Chosaint Sonraí a chur ar fáil, tacú le teacht a bheith ar cheartas tríd an mBord um Chúnaimh Dlíthiúil in éineacht le seirbhísí rialála éagsúla, agus ár ndlíthe coireachta agus sibhialta a choinneáil nuashonraithe agus freagrúil don domhan atá ag athrú.

Tá an obair seo ríthábhachtach chun sochaí dhaonlathach a chothú agus ní mór iad a fheidhmiú ar bhealach a léiríonn an tiomantas do chearta an duine agus don chomhionannas atá leagtha amach i mBunreacht na hÉireann agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn go hidirnáisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs na Comhairle AE um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus méid níos mó dlí ag teacht ó ionstraimí AE. Tá baint shuntasach ag an Roinn freisin le comhlachtaí idirnáisiúnta eile amhail Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Déanann gníomhaireachtaí a fheidhmíonn ar bhonn reachtúil nó ar bhonn riaracháin réimse freagrachtaí eile a fheidhmiú freisin thar ceann an Aire.

### 1.2 Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014) ag teacht le feidhmeanna agus luachanna lárnacha na Roinne Dlí agus Cirt. Tugann an Roinn aird ar dhualgas na hearnála poiblí agus déanann an Roinn a dícheall i gcónaí meas a bheith ar chomhionannas agus cearta an duine agus iad a

chur chun cinn trína cuid oibre ó lá go lá, bíodh sin ag forbairt beartas agus reachtaíochta, nó ag cur príomhsheirbhísí poiblí ar fáil ar bhealach éifeachtúil cóir agus le hionracas agus meas ar dhíne an duine.

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí chomh hábhartha céanna le taithí na foirne. I gcomhréir lenár luachanna, táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcuirimid rannpháirtíocht dhearfach, anailís chriticiúil, cumarsáid oscailte agus ionraic chun cinn, ina nglactar le dearthaí éagsúla le linn gach iarracht a dhéanamh bheith ionchuimsitheach i ngach rud a dhéanaimid. Bhí sraith luachanna nuashonraithe agus daingnithe mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin leis an bhfoireann agus leis an mbainistíocht shinsearach a foilsíodh mar chuid den Straitéis nua in 2021: *Oscailte, Comhoibríoch agus Gairmiúil*. Chuidigh clár oibre tacaíochta leis na luachanna agus iompraíochtaí gaolmhara a fhorbairt agus a neadú inár gcleachtais oibre agus cultúr amach anseo.

Chomh maith leis sin, foilsíodh Ráiteas Straitéise na Roinne 2021 - 2023 sa bhliain 2021 i ndiaidh comhairliúchán fairsing agus rannpháirtíocht le comhlachtaí agus comhpháirtithe ar fud na hearnála ceartais i gcoitinne; ranna Rialtais eile, an Coiste Oireachtais um Cheartas agus roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, mar aon le próiseas aighneachtaí poiblí ar láithreán gréasáin agus ar ardáin meán sóisialta na Roinne.

I gcomhréir leis an Dualgas na hEarnála Poiblí (DEP) atá orainn, chuir an Roinn ceanglas san áireamh freisin inár gcomhaontuithe deontais ar fad ina bhfuil sé d'oibleagáid ar dheontaithe aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na mball foirne agus daoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

### *Straitéis CÉC/An Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Dualgas na hEarnála Poiblí*

Bhunaigh an Roinn an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Dualgas na hEarnála Poiblí, a ndéantar cathaoirleacht air ag leibhéal an Rúnaí Chúnta, chun maoirseacht a dhéanamh ar Dhualgas Ceart Daonna agus Comhionannais na hearnála poiblí agus chun comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a cheapadh, a mhaoirsiú agus a chur chun cinn don Roinn Dlí agus Cirt.

Príomhchuspóir a bhí ag an gCoiste sa bhliain 2021 ab ea an chéad Straitéis de chuid na Roinne maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC) a fhorbairt. Tá príomhchuspóirí na straitéise seo dírithe ar: torthaí beartais níos fearr a bhaint amach agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus caighdeán ár seirbhísí; tacú le lucht



saothair oilte agus éagsúil a fhorbairt; cultúr a éascaíonn, a thacaíonn agus a spreagann rannpháirtíocht ó gach duine san áit oibre a thógáil agus a dhaingniú; feasacht chultúir a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, tugtar aird chuí sa Straitéis ar ár ngealltanais ar fud roinnt straitéisí náisiúnta, chomh maith lenár n-oibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Bhí céim chomhairliúcháin fhairsing lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha chomh maith le teagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha a bhfuil saineolas acu ar shaincheistanna maidir le cearta daonna agus comhionannas i gceist leis an próiseas chun an Straitéis a fhorbairt. Foilsíodh an straitéis i mí Márta 2022 agus tá sí lánach do mhisean na Roinne oibriú chun Éire a bheith sábháilte, cóir, uilechuimsitheach.

### *Líonra LADTI+*

Tá an Líonra Foirne LADTI+ ar an bhfód le dhá bhliain anuas agus bhunaigh an fhoireann é le go mbeadh an Roinn ina háit níos cuimsithí do chách trí oideachas agus feasacht a ardú. Ón tráth a bunaíodh é, reáchtáladh tionscnaimh éagsúla, lena n-áirítear faoi mar is féidir a bheith i do chara maith san áit oibre, an próiseas maidir le teacht amach agus faoi mar is féidir tacú le comhghleacaithe, agus mí an Bhróid a chomóradh. Ceann de na dréachtghníomhartha sa straitéis EDI nua is ea timpeallacht thacúil a chruthú chun líonraí foirne eile a bhunú agus chun go n-éireoidh go maith leo.

### *ÁSP 2020 Gníomh 16 - Samhail Aibíochta*

Tá an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt ina gcomhthionscnóirí ar Ghníomh 16 faoi Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020. Creat le haghaidh forbairt agus nuálaíocht i seirbhís phoiblí na hÉireann is ea ÁSP. Aithnítear i nGníomh 16 an tábhacht atá le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (CÉC) níos fearr a bhaint amach sa tseirbhís phoiblí.

I measc na bpríomhtháirgí ó obair na Foirne Gníomhaíochta bhí Ráiteas Straitéise CÉC a foilsíodh i mí Bealtaine 2021 agus ceanglaítear ar Ranna Rialtais agus comhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile cur chuige onnghníomhach a ghlacadh i ndáil le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chothú. Chomh maith leis sin, ceapadh Samhail Aibíochta CÉC chun cabhrú le heagraíochtaí machnamh agus measúnú a dhéanamh agus trí sin, feabhas dírithe a spreagadh i ndáil leis an mbealach ina bhfuil siad ag feidhmiú ar fud líon réimsí tábhachtacha.



Sa bhliain 2021, chuir an Roinn an tSamhail Aibíochta ar bun ar bhonn píolótach mar uirlis féinmheasúnaithe. Bhí ról suntasach ag anailís a rinneadh ar an aiseolas agus an machnamh a rinneadh ar bhearnaí agus téamaí barrthábhachtacha ó dhiagnóisic na Samhla Aibíochta maidir leis na torthaí straitéiseacha agus na gníomhartha fothacaíochta a dtabharfar aghaidh orthu trínár straitéis CÉC a leagan amach.

Chomh maith leis sin, rinneadh na ceachtanna a d'fhoghlaimíomar agus ár dtaithí ar an tSamhail Aibíochta a chur i bhfeidhm a chur i láthair ag an CBEP – Grúpa Bainistíochta na hEarnála Poiblí (Meán Fómhair 2021) agus BCEP – Bord Ceannaireachta na hEarnála Poiblí (Deireadh Fómhair 2021). Trí na hacmhainní praiticiúla seo, tacófar le heagraíochtaí i ndáil lena ngealltanais CÉC, le linn freastal ar na dúshláin ar leith atá roimh eagraíochtaí seirbhíse poiblí de mhéid, feidhmeanna agus cáilíocht dhifriúil.

### *Foghlaim agus Forbairt*

Chuaigh 286 bhall foirne isteach sa Roinn i gcaitheamh na bliana 2021 agus cuireadh seisiúin ionduchtuithe ar líne ar fáil d'iontrálaithe nua inar tugadh achoimre ar obair agus dul chun cinn na Roinne i ndáil leis an straitéis CÉC agus faoi mar atá sé seo ag teacht leis an bhfís 'Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsíteach', mar aon lenár mbunluachanna.

Cuirtear cóip den Phlean Straitéise agus Dlí agus Cirt 2021 ar fáil do na hiontrálaithe nua ar fad le linn an ionduchtuithe. Cuireann an tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais (OIM) forléargas ar fáil ar na tacaíochtaí atá ar fáil do bhall foirne ar bith atá faoi mhíchumas, ar trí sin a chinntítear comhionannas deiseanna ar fud gach gné dá ngairm. D'fhreastail breis agus 280 ball foirne ar na seisiúin seo sa bhliain 2021.

Tríd an Scéim Bhliantúil Aisíochta Táillí, cuireadh maoiniú ar fáil d'ochtar baill foirne tabhairt faoi chúrsaí oideachais in CÉC, cosaint leanaí, cearta daonna agus staidéar coimhlinte don bhliain acadúil 2021/2022. Thug 18 mball foirne faoi shainoiliúint dá gcuid ról um Sholáthar Seirbhíse Inimirce tríd an Saindioplóma i nDlí Inimirce agus Tearmainn in Óstaí an Rí, ina gclúdaítear topaicí ar nós an Dlí um Chearta an Duine agus gáinneáil ar dhaoine.

In 2021, d'óstáil an Roinn sraith de cheithre sheimineár gréasáin, a bhí dírithe ar fheasacht a ardú maidir le saincheisteanna a bhaineann le míchumas agus inrochtaineacht san áit oibre. Chuir saineolaí ar an ábhar na seimineáir ghréasáin seo i láthair agus clúdaíodh topaicí a bhaineann le feasacht ar dhaoine a bhfuil allaíre orthu agus daoine bodhra, rochtain a bheith ag daoine a bhfuil míchumas fisiciúil, lagú

radhairc agus daille orthu, mar aon le Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas. Chomh maith leis sin, fuair baill d'fhoireann Rochtana nuabhunaithe na Roinne oiliúint fhoirmiúil um Fheasacht ar Mhíchumas.

### *Intéirneachtaí agus socrúcháin oibre*

Comhoibríonn an Roinn le *Ahead* ar a chlár *Willing Able Mentoring* (WAM). Tá sé mar aidhm ag an gclár seo rochtain ar an margadh saothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas, agus cumas fostóirí a fhorbairt chun míchumas a chomhtháthú san ionad oibre príomhshrutha. In 2021, cuireadh beirt intéirneach ar socrúchán sna réimsí maidir le Saoránacht agus BACI (An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta) ar feadh tréimhse sé mhí. Chomh maith leis sin, déanann an Roinn éascaíocht ar shocrúcháin Idirbhliana i gcomhpháirtíocht le Scéim Socrúcháin Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. Cé nach raibh sé indéanta sa bhliain 2021 iontógáil Idirbhliana a bheith ann, táthar ag súil go bhfágfaidh cúinsí go mbeifear in ann tosú ar an gclár seo an athuir in R2 2022.

In 2021, d'oibrigh an Roinn le baill den Phobal Taistealaithe agus Romach chun clár intéirneachta taithí oibre bliain amháin a fhorbairt do bhaill dá gcuid pobail. Leagadh amach an clár in éineacht le hionadaithe ó ghrúpaí pobail chun rannpháirtíocht agus tairbhí fadtéarmacha a uasmhéadú le conairí soiléire i dtreo gairme sa Státseirbhís. Rachaidh an Roinn i dteagmháil le páirtithe ábhartha maidir leis an mbealach is fearr leanúint ar aghaidh le socrúcháin i gcomhthéacs filleadh ar an ionad oibre agus socrúithe i leith obair chumaisc d'fhonn go mbeadh páirteach in 2022.

### *An Coiste Comhairleach um Míchumas*

Cuireann Coiste Comhairleach na Roinne fóram ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht idir oifigigh de chuid na Roinne, ionadaithe de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus ionadaithe de chuid an Ghrúpa Páirtithe Leasmhara um Míchumas, go háirithe i ndáil le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumais. Chomh maith leis sin, tugann sé deis don Roinn nuashonruithe a chur ar fáil maidir le saincheisteanna reatha atá ina n-ábhar spéise agus tugann sé deis do na grúpaí saincheisteanna atá ina n-ábhar imní dóibh a chur in iúl. In 2021, tháinig an Coiste Comhairleach um Míchumas le chéile i mí an Mheithimh, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna, mar aon le nuashonruithe don Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumais, rinneadh cuir i láthair maidir le forbairtí ábhartha laistigh den Roinn.

### *Foireann Rochtana*

Ceapadh Oifigeach Rochtana sa roinn de réir Alt 26(2) den Acht um Míchumas, agus sa bhliain 2021 bunaíodh Foireann Rochtana chun cuidiú le baill foirne agus custaiméirí araon maidir le saincheisteanna rochtana. Déanann ár nOifigeach Rochtana cathaoirleacht ar an bhfoireann, a thógtar ó fheidhmeanna éagsúla laistigh den Roinn. Meastar an coincheap i ndáil le Foireann Rochtana a bheith mar dhea-chleachtas sa réimse maidir le hinrochtaineacht toisc go gcuirtear fóram praiticiúil ar fáil chun saincheisteanna praiticiúla a réiteach. Chomh maith leis sin, cuirtear acmhainn ar fáil do bhaill foirne aon cheisteanna nó saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht a chur in iúl. Aidhm fhadtéarmach na Foirne Rochtana is ea ailíniú le cuspóirí ár straitéise CÉC a bhuntacóidh leis an ngealltanas leanúint i mbun cultúr comhionannais agus cearta daonna a chothú san eagraíocht.

## 5. Struchtúr na Roinne

### 2.1 Forléargas ar an Roinn


Tá an Roinn ailínithe faoi dhá cholún, Ceartas Sibhialta agus Ceartas Coiriúil, agus gach aon cholún díobh faoi stiúir Leas-Rúnaí. Tá na feidhmeanna seo a leanas i gceist faoin dá cholún: Rialachas, Reachtaíocht agus Beartas. Trí thacú le hobair an dá cholún déantar na feidhmeanna Gnóthaí Corparáideacha, Gnóthaí Eorpacha, Athrú, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta agus Trédhearcachta a chumasú.

Chomh maith leis sin, bainistíonn an fheidhm mhór Soláthar Seirbhísí Inimirce atá lonnaithe i gcolún an Cheartais Sibhialta seirbhísí inimirce agus cosanta idirnáisiúnta don Roinn agus don Stát le linn díriú ar bhonn leanúnach ar dheiseanna a aithint i leith seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú go seasta

Bainistíonn an fheidhm Soláthar Seirbhísí Ceartais atá lonnaithe i gcolún an Cheartais Choiriúil soláthar seirbhísí líne thosaigh neamh-inimirce atá éifeachtúil, láidir agus atá dírithe ar an gcustaiméir don Roinn.

Tá an struchtúr seo uathúil don Roinn agus tá sé leagtha amach chun éascaíocht a dhéanamh ar sholúbthacht agus freagrúlacht, seirbhís níos fearr dár gcustaiméirí, níos mó trédhearcachta agus cuntasáíochta, agus planáil straitéiseach agus forbairt beartas

### An Bord Bainistíochta Nollaig 2021



bunaithe ar fhianaise. Tacú lenár luachanna agus muid ag fanacht dílis do luachanna traidisiúnta na státseirbhíse amhail ionracas, neamhchlaontacht agus gairmiúlacht.

## 2.2 Forléargas ar Cholúin agus ar Fheidhmeanna

### An Colún Ceartais Shibhialta

- Clár athchóirithe agus nuachóirithe sa cheartas sibhialta a stiúradh, leis na haidhmeanna rochtain ar cheartas a chur chun cinn, clár reachtaíochta an Rialtais a thabhairt ar aghaidh, oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus forbairt a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le beartas i réimse an cheartais sibhialta agus inimirce i gcoitinne.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt beart straitéiseach agus reachtach chun córas inimirce freagrúil atá cóir cothrom a chur chun cinn, ag obair go dlúth le raon leathan gníomhaithe Rialtais agus sochaí sibhialta.
- Cabhrú leis an Ard-Rúnaí fíis shoiléir a leagan síos don Roinn trí straitéis, beartas, cuspóirí agus spriocanna a fhorbairt do gach gné d'obair na Roinne agus an clár leathan d'athrú eagraíochtúil atá á chur i bhfeidhm sa Roinn a chur i gcrích.

### An Colún Ceartais Choiriúil

- Fíis shoiléir a leagan síos don cholún Ceartais Choiriúil trí straitéis a fhorbairt le fócas ar leith ar chomhoibriú éifeachtach ar fud an chórais ceartais choiriúil agus le comhpháirtithe eile ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, agus ag an am céanna ag seasamh le neamhspleáchas agus cuntasacht eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara aonair.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an athraithe ó bhonn atá leagtha amach i dtuarascáil 2018 an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.
- Slándáil náisiúnta agus comhoibriú Thuaidh-Theas/Thoir-Thiar ar chúrsaí coiriúla agus slándála.
- Cabhrú leis an Ard-Rúnaí fíis shoiléir a leagan síos don Roinn trí straitéis, beartas, cuspóirí agus spriocanna a fhorbairt do gach gné d'obair na Roinne agus an clár leathan d'athrú eagraíochtúil atá á chur i bhfeidhm sa Roinn a chur i gcrích.

## Feidhmeanna Lárnacha

Tacaíonn na feidhmeanna lárnacha – Trédhearcacht, Gnóthaí Corparáideacha, Gnóthaí Eorpacha agus Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht – le spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla an cholúin Ceartais Shibhialta agus an cholúin Ceartais Choiriúil, agus cumasaíonn siad iad.

## 2.3 Feidhmeanna laistigh de na Colúin Ceartais Shibhialta agus Ceartais Choiriúil

Is iad seo a leanas na feidhmeanna laistigh de na colúin

### Beartas

Forbraíonn an fheidhm Beartais beartas fadtéarmach bunaithe ar fhianaise trí thaighde agus anailís a dhéanamh ar eolas agus ar shonraí ó fhoinsí éagsúla. Glacann sé dearcadh réamhghníomhach agus straitéiseach ar cheapadh agus ar athbhreithniú beartais ceartais agus comhionannais, agus cuireann sé ar chumas na Roinne an chomhairle is fearr agus is féidir a chur ar fáil don Aire agus don Rialtas ar mhaithe le leas fadtéarmach gach saoránach. Tá feidhm an Bheartais roinnte in dhá phríomhréimse.

Bunaíonn an réimse Beartas Straitéiseach, Pleanála agus Taighde clár beartais na Roinne, tugann sé comhairle maidir le tosaíochtaí beartais agus déanann sé maoirseacht ar shaolré an bheartais. Tá an fhoireann freagrach freisin as taighde a bhaineann le beartas agus as comhoibríthe tionscadail a bhainistiú, beartas a rianú agus as riachtanais riaracháin na feidhme beartais.

Tá na foirne um Acmhainn Ábhair agus Beartas Feidhmeach i gceannas ar fhorbairt beartais ar théamaí beartais ar leith. Déanann na foirne beartais fheidhmeacha a dhréachtú, chomh maith le dul i gcomhairle orthu agus iad a bhainistiú, a chuirtear i ngrúpaí téamacha de réir na foirne. Oibríonn na foirne seo go comhoibríoch ar fud na feidhme Beartais agus ar fud na Roinne, ag soláthar eolais ar bheartais ar leith agus déanann siad ionadaíocht thar ceann na Roinne go seachtrach agus ag leibhéal an AE/Idirnáisiúnta, nuair is cuí.

### Reachtaíocht

Tá an fheidhm reachtaíochta freagrach as reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú agus as Billí a cheapadh agus a chur trí Oifig an Ard-Aighne agus

tríd an Oireachtas. Trí dhul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí, pléitear faoin bhfeidhm reachtaíochta le dlí na hÉireann, agus le dlí an AE agus dlí Idirnáisiúnta a thrasú i ndlí na hÉireann.

Cuireann sí comhairle ar fheidhmeanna eile agus oibríonn go dlúth leo lena chinntiú go mbreithnítear gach impleacht iomchuí ag gach céim den phróiseas reachtaíochta

### Rialachas

Is ar na feidhmeanna Rialachais atá an phríomhfhreagracht mhaoirseachta as comhlachtaí/gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne. Ag obair i gcomhar lena chéile, tá sé mar aidhm ag na feidhmeanna Rialachais a chinntiú go bhfuil straitéis shoiléir ag comhlachtaí/gníomhaireachtaí, go ndéanann siad bainistiú cuí ar a n-acmhainní, agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin chomhaontaithe maidir le feidhmíocht, trédhearcacht, rialachas agus cuntasacht. Féachann na feidhmeanna Rialachais le maoirseacht chuí a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí comhlachta/gníomhaireachta, tacú leo chun feidhmiú go héifeachtach, agus cur chuige rialachais comhsheasmhach a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar chaighdeáin aitheanta agus ar féidir iad a chur in oiriúint do gach aon comhlacht/gníomhaireacht de réir mar is cuí.

Tá liosta de na Comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla atá faoi choimirce na Roinne in Aguisín 1.

### Seirbhís Cheartais a Sholáthar

Tá Soláthar Seirbhísí ina príomhfheidhm laistigh den Roinn a chuireann seirbhísí líne thosaigh neamh-inimirce ar fáil don Roinn. Déanann an fhoireann um Sholáthar Seirbhísí bainistiú ar sheirbhísí líne thosaigh éifeachtúla, láidre agus atá dírithe ar an gcustaiméir don Roinn, lena n-áirítear seirbhísí sa réimse maidir le comhoibriú idirnáisiúnta maidir le ceartas coiriúil, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí áirithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), Ceadúnú agus Cigireacht maidir le hAirm Thine agus Pléascáin, cúnamh dlí coiriúil, mar aon le scéimeanna cúitimh, lena n-áirítear an scéim chúitimh i leith díobhála coiriúla.

### Soláthar Seirbhísí Inimirce (Colún an Cheartais Shibhialta amháin)

Is é cuspóir na feidhme Soláthar Seirbhísí Inimirce i gColún an Cheartais Shibhialta seirbhísí inimirce agus cosanta idirnáisiúnta líne thosaigh atá éifeachtach, láidir agus dírithe ar an

gcustaiméir a bhainistiú don Roinn agus don Stát agus, ag an am céanna, a bheith dírithe go leanúnach ar dheiseanna a aithint le feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí.

Cuireann an fheidhm ar chumas na foirne díriú ar aschuir agus ar thorthaí do chustaiméirí a fheabhsú fad a chinntíonn obair i gcomhar le feidhmeanna eile go bhfuil leagan amach na seirbhísí agus feabhas ar thaithí an chustaiméara i gcroílár na seirbhísí inimirce.

## 2.4 Feidhmeanna Lárnacha

### Gnóthaí Corparáideacha

Déanann gnóthaí Corparáideacha gníomhaíochtaí a chur ar aghaidh agus a bhainistiú ar fud na heagraíochta chun cur ar chumas na Roinne a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus seirbhísí agus próisis Roinne atá éifeachtach agus freagrúil a sholáthar.

Déanann an réimse Corparáideach an cur chuige, na réitigh agus an t-infreastruchtúr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud roinnt réimsí éagsúla: teicneolaíocht, pleanáil airgeadais agus daoine, soláthar, dlí, rialachas corparáideach, sonraí agus taifid, comhlíonadh agus rialuithe iniúchóireachta, taighde agus anailísíocht.

### Trédhearcacht

Tá freagracht ar an bhfeidhm Trédhearcachta as an bhfaisnéis ar fad a éilíonn an tAire agus ardbhainistíocht na Roinne a fhoinsiú, a mheas agus a chur in iúl, maille le caighdeáin chomhsheasmhacha cumarsáide inmheánaí agus seachtraí a chinntiú. Lánpháirtíonn an fheidhm seo faisnéis, anailís agus cumarsáid ó ar fud na Roinne chun insintí comhleanúnacha a thabhairt ar théamaí an Cheartais. Cinneann sí, ar bhonn forghníomhach, cá bhfuil gá le faisnéis a chur in iúl nó a fhoilsiú, chomh maith le freagairt ar bhealach sofhreagúil d'iarrataí a thagann isteach.

Baineann an fheidhm Trédhearcachta úsáid as bealaí éagsúla lena chinntiú go gcloíonn Airí leis an bhfreagracht atá orthu i leith cuntasacht dhaonlathach do shaoránaigh, don Oireachtas, do na meáin chumarsáide agus páirtithe leasmhara eile.

### Gnóthaí Eorpacha

Tá Gnóthaí Eorpacha freagrach as gnó Eorpach na Roinne agus roinnt gnó idirnáisiúnta dá cuid a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh air, go háirithe saincheisteanna leathana



a mbeadh roinnt feidhmeanna agus ranna páirteach iontu. Tacaíonn an fheidhm leis an Aire ag cruinnithe de Chomhairle na nAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB). Ina theannta sin, oibríonn an fheidhm le réimsí eile den Rialtas chun cur chuige straitéiseach na hÉireann a mhúnlú i leith Thodhchaí na hEorpa agus Chlár Cheannairí an AE, agus imríonn ról gníomhach chun rannpháirtíocht agus comhoibriú níos mó a spreagadh le comhghleacaithe san Eoraip ar shaincheisteanna ábhartha maidir le Ceartas. Cé go bhfuil na baill foirne lonnaithe i mBaile Átha Cliath, oibríonn siad go dlúth le baill foirne sa Bhruiséil atá ar iasacht ag Buanionadaíocht na hÉireann chuig an AE, an tAtaisé Ceartais atá ar iasacht ag Buanionadaíocht na hÉireann chuig Comhairle na hEorpa in Strasbourg, agus an Comhairleoir um Cheartas agus Gnóthaí Baile in Ambasáid na hÉireann, Londain. Tacaíonn an fheidhm freisin leis an Aire agus leis an Roinn araon chun freagrachtaí na Roinne i leith an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa a chomhlíonadh agus chun leasanna na hÉireann go hidirnáisiúnta a chur in iúl agus ionadaíocht a dhéanamh orthu.

### Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Chun aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag teicneolaíocht in obair na Roinne agus ina cuid spriocanna a bhaint amach, fostaíodh Príomhoifigeach Faisnéise sa bhliain 2021, ag leibhéal an Rúnaí Chúnta, chun an clár oibre uailmhianach atá leagtha amach i Straitéis Dhigiteach na Roinne a chur chun cinn.

Laistigh de ATN, tá freagracht ar na foirne um Bonneagar, Ailtireacht agus Forbairt IMT as soláthar threalamh agus Sheirbhísí TE mar aon le leagan amach, forbairt agus cothabháil na gcóras ríomhaireachta.

Tacaíonn an réimse Oibríochtaí Gnó leis an Roinn chun a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach maidir le seirbhísí digiteacha do chustaiméirí a chur ar fáil. Cuimsíonn sé an Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT), an fhoireann um Bainistíocht Clár agus Tionscadal (BCT) agus na foirne um Dhearadh Próiseas & Seirbhísí. Tá na foirne seo freagrach as pleanáil, bainistíocht riosca, rialú tionscadal agus athruithe a bhainistiú ar fud na Roinne. Chomh maith leis sin, díríonn na foirne ar thacú le seirbhísí nuálacha agus éifeachtúla atá dírithe ar gcustaiméir a chur ar fáil don Roinn. Chomh maith leis sin, déanann oibríochtaí éascaíocht ar fheabhsú leanúnach laistigh den Roinn, agus ar fud na hEarnála Ceartais, trí chomhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha chun deiseanna a aithint chun soláthar seirbhísí a fheabhsú.

Rinneadh dul chun cinn nach beag go dtí seo, lena n-áirítear tús a chur le hobair chun Soláthar Seirbhísí Inimirce a dhigitiú, le tacaíocht ó na foirne um Próiseas Gnó agus Léargas

ar Chustaiméirí, a d'oibrigh le SSI chun samhlacha oibriúcháin éifeachtúla agus dírithe ar úsáideoirí a shainiú. Cuireadh le cumas bainistithe tionscadal inmheánach na Roinne agus tá maoirseacht á déanamh ar na tionscadail ar fad faoi láthair trí Oifig Bainistíochta Tionscadal amháin, ar trí sin a dtugtar comhsheasmhacht níos fearr do chur chuige na Roinne agus a gcuirtear forléargas láraithe ar fáil ar an obair ar fad atá faoi bhealach.

### 3. An bhliain 2021 i bhFigiúirí

Bhí Grúpa an Vóta Dlí agus Cirt comhdhéanta de 6 Vóta sa bhliain 2021 – an Roinn Dlí agus Cirt, An Garda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Chúirteanna agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Fostaíonn an Roinn beagnach 2,700 duine go díreach agus tá breis agus 1,000 duine díobh sin ag obair mar bhaill foirne laistigh de chomhlachtaí a fheidhmíonn faoinár gcoimirce. Tá gné idirnáisiúnta ag an Roinn freisin, le beagnach 40 oifigeach fostaithe in 11 ambasáid agus misean Éireannach ar fud 4 mhór-roinn, ag obair ar raon leathan seirbhísí inimirce agus saincheisteanna idirnáisiúnta.

2,559

Ceist Pharlaiminte Freagartha



in 2021

28,000+

Ríomhphost agus Litir faighte in Oifig an Aire



in 2021

920

Iarraidh Saorála Faisnéise a Próiseáladh



in 2021

500

Iarraidh ar Rochtain ó Ábhair Sofuarthas



in 2021

1,570

Ball foirne sa Roinn 2021



1,091

Ball foirne i nGníomhaireachtaí in 2021

€3.032 billiún

Ollchaiteachas iomlán do ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt



in 2021

## 4. Súil siar ar an mbliain 2021



*An Roinn Dlí agus Cirt, Soláthar Seirbhísí Inimirce, Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath*

### 4.1 Eanáir – Márta

#### **Próiseas sealadach a oscailt chun saoránacht a bhronnadh le linn COVID-19**

D'oscail an tAire córas sealadach chun cur ar chumas iarratasóirí ar shaoránacht a bpróiseas eadóirseachta a chur i gcrích trí dhearbhu reachtuil dílseachta a shíniú. Ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh, tháinig an córas nua seo in ionad an cheanglais ar iarratasóirí ar shaoránacht freastal ar shearmanais shaoránachta, arbh éigean iad a chur ar fionraí le linn COVID-19.

#### **Comhaltaí agus Foireann Taca an Gharda Síochána a Fhianú**

Ar an 19 Eanáir, chuir an tAire fáilte roimh fhianú 71 Comhalta Garda agus 69 Garda san Fhoireann Taca. Rinneadh na Gardaí agus an Fhoireann Taca, ar chuir gach ceann díobh

a gcuid oiliúna i gcrích, a fhianú mar chuid de bhearta a d'fhógair Coimisinéir na nGardaí chun tacú le Plean Leibhéal 5 an Rialtais chun Maireachtáil le COVID-19.

## Tosach an Achta um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach, agus Cionta Gaolmhara

Chomóir an tAire Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte an 9 Feabhra trí thús a chur leis an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach, agus Cionta Gaolmhara, ar a dtugtar Dlí Coco. Tríd an Acht, cruthaítear dhá chion nua ina ndéantar coir d'íomhánna dlúthphearsanta a scaipeadh gan chead:

- Déileálann an chéad chion le híomhánna dlúthphearsanta a scaipeadh nó a fhoilsiú gan chead agus le rún dochar a dhéanamh. D'fhéadfadh fíneáil gan teorainn agus/nó príosúnacht 7 mbliana bheith i gceist le pionóis.
- Déileálann an dara cion le híomhánna dlúthphearsanta a thógáil, a dháileadh nó a fhoilsiú gan chead fiú gan rún ar leith dochar a dhéanamh. Beidh pionós uasta d'fhíneáil €5,000 agus/nó 12 mhí príosúnachta ag gabháil leis an gcion seo.

## Seoladh an láithreáin ghréasáin Cairt d'Íospartaigh

Ar an 4 Feabhra, sheol an tAire an láithreán gréasáin athdheartha Cairt d'Íospartaigh, [www.victimscharter.ie](http://www.victimscharter.ie). Tugtar le chéile ar an láithreán gréasáin an fhaisnéis ar fad a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar íospartach coireachta maidir lena gcearta agus faisnéis faoin méid a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis trí rannpháirtíocht leis an gcóras ceartais choiriúil.

The screenshot shows the homepage of the Victims Charter website. At the top, there is a navigation bar with the following links: Home, Support & Reporting, The Courts Stage, The Post-Trial Stage, Rights & the Law, and a search icon. The main heading is "Welcome to the Victims Charter". Below this, there is a section titled "The Victims Charter" with a brief description of its purpose. The text states: "The purpose of the Victims Charter is to help you find the support you need when you become a victim of crime. The Charter also describes the Criminal Justice System so that you can understand what to expect." It then explains the three stages of the journey: Support and Reporting Stage, the Courts Process, and The Post-Trial Stage. Below this, there is a call to action: "Please click on each of these stages below to find out what information each section has:". There are four buttons: "Support & Reporting", "The Courts Stage", "The Post-Trial Stage", and "Rights & the Law". The "Support & Reporting" button is highlighted. Below the buttons, there is a paragraph of text: "When you become a victim of a crime, it is important that you know you will be listened to and you will be supported. You may wish to reach out for support even before you want to report the crime. This is the Support stage. Here you will find information on the Crime Victims Helpline, A directory of victim support services, information for victims of sexual violence and information for Irish citizens who become a victim of crime abroad." There is also an "Exit Quickly" button and a back arrow icon.

Chomh maith leis sin, cuirtear mionsonraí ar fáil maidir leis na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil d'íospartaigh, ar bhealach a bhfuil teacht orthu go héasca agus arb éasca iad thuiscint. Chomh maith leis sin, b'ionann an seoladh agus tús an fheachtais leanúnaigh chun feasacht a ardú ar na cearta a chuirtear ar fáil san Acht um Íospartaigh na Coireachta 2017.

### **Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách chun iniúchadh a dhéanamh ar na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit**



Ar an 16 Feabhra, d'fhógair an tAire ceapachán seisear saineolaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit – ar príomhreachtaíocht frithsceimhlitheoireachta na hÉireann atá iontu. Déanfaidh an Grúpa, ar a ndéanfaidh an Breitheamh Uasal Michael Peart, labhairt na Cúirte Achomhairc cathaoirleacht air, iniúchadh ar gach gné den reachtaíocht, agus an bhagairt reatha a bhaineann le sceimhlitheoireacht intíre agus idirnáisiúnta agus le coireacht eagraithe á cur san áireamh.

### **Cruinniú fíorúil neamhfhoirmiúil de na hAíre Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile**

Rinne an tAire ionadaíocht ar Éirinn ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil de na hAíre Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile a tionóladh go fíorúil an 11-12 Márta. Phléigh an lucht freastail sonraí cumarsáide leictreonacha a choinneáil, forfheidhmiú Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a láidriú agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chur ar bun.

Áiríodh leis na míreanna a pléadh cruinniú na nAíre Gnóthaí Baile nuashonrú ar an staid reatha i ndáil leis an gComhaontú um Inimirce agus um Thearmann agus malartú tuairimí an teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach um chomhoibriú a fheabhsú maidir le



fillleadh agus athligean isteach. Áiríodh le saincheisteanna eile ar an gclár oibre cainteanna maidir leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil agus comhoibriú AE-Tíortha na hAfraice Thuaidh a fheabhsú.



*An Roinn Dlí agus Cirt, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath*

## 4.2 Aibreán – Meitheamh

### Seoladh na Straitéise um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027

Ar an 15 Aibreán, sheol an tAire agus an tAire Stáit um Athchóiriú an Dlí, James Browne TD, an Straitéis nua um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027. Tá an straitéis, ar gealltanais barrthábhachtach é faoin bPlean Dlí agus Cirt 2021, leagtha amach chun creat forbartha nua a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin leanúnacha, mar aon le saincheisteanna nua agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn i réimse an cheartais óige. Áireofar leis sin iompraíocht chiontóra a chosc agus leanaí agus aosaigh óga a dhéanann coir a atreorú ó chionta eile a dhéanamh. Chomh maith leis sin, beidh foráil inti le haghaidh próisis ceartais choiriúil, bearta coinneála agus

iarchoinneála feabhsaithe chun éirí as coiriúlacht a spreagadh agus forbairt phearsanta dhearfach a chur chun cinn i measc ciontóirí óga.

### **Ceadú ón Rialtas chun an Bille nua um Choireacht Fuatha a Dhréachtú**

Ar an 16 Aibreán, fuair an tAire ceadú ón Rialtas chun Scéim Ghinearálta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Coireacht Fuatha) 2021 a fhoilsiú. Tríd an mBille, cruthófar cineálacha nua troma de chionta coiriúla reatha áirithe, nuair is claontacht in aghaidh saintréith cosanta áirithe atá mar bhun leis na cionta sin. Is iad na saintréithe cosanta faoin dréachtreachtaíocht ná; Cine, Dath, Náisiúntacht, Creideamh, bunús Eitneach nó náisiúnta, Gnéaschlaonadh, Inscne, Míchumas. Tá sé beartaithe go mbeidh pionós breisithe ag gabháil le tromchionta nua, i gcomparáid leis an ngnáthchion, agus go luafai go soiléir ar thaifead ar ionchúiseamh i leith cion ar bith dá leithéid gur coireacht fuatha a bhí i gceist.

### **Cur chuige pobail fógartha ag an Aire Browne chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid a bhaint as rothair streachailte agus cuadrothair**

Ar an 19 Aibreán, d'fhógair an tAire Stáit freagra nua pobalbhunaithe ar an mí-úsáid atá á baint as rothair streachailte agus cuadrothair. Déanfaidh an Roinn, i gcomhar leis an nGarda Síochána agus comhpháirtithe eile, na pobail is mó a dtéann mí-úsáid rothair streachailte agus cuadrothair i bhfeidhm orthu a aithint.



Iarrfar iarratais ó chuibhreannais áitiúla chun cúnamh airgeadais a fháil do thionscadail chun úsáid phrósóisialta na bhfeithiclí seo a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, áireofar leis na tionscadail seo oideachas an dara deis, forbairt phearsanta agus



meantóireacht do dhaoine óga a bhfuil spéis acu úsáid a bhaint as na feithiclí seo chun críocha spóirt agus áineasa

### Scéim Ghinearálta an Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

I mí Aibreáin, fuair an tAire ceadú ón Rialtas chun an Bille suntasach um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail a dhréachtú. Déantar foráil sa Bhille don athchóiriú is forleithne agus is comhleanúnaí ar phóilíneacht i nglúin amháin trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht agus cuntasacht inár seirbhísí póilíneachta agus slándála, agus trí thacú le cearta daonna gach duine ar fud na hÉireann a bheith sábháilte agus a bheith ag aireachtáil sábháilte ina bpobal. Tríd an mBille:

- Beidh cosc ar dhíobháil agus cosaint daoine atá leochaileach nó i mbaol mar chuspóir ag an nGarda Síochána agus beidh sábháilteacht pobal ina freagracht “uile-rialtais”,
- Déanfar maoirseacht neamhspleách agus sheachtrach ar an nGarda Síochána a láidriú agus a dhaingniú,
- Cuirfear le rialachas inmheánach an Gharda Síochána agus le ról Choimisinéir na nGardaí mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus
- Feabhsófar an mhaoirseacht neamhspleách a dhéantar ar ár mbonneagar náisiúnta slándála.

Cuireadh Scéim Ghinearálta an Bhille ar aghaidh chuig Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte le haghaidh dréachtú tosaíochta agus scrúdú réamhrechtach

### An tAire McEntee ar an gcéad Aire i bun oifige chun saoire mháithreachais a ghlacadh

Thug an tAire McEntee caint ag ceiliúradh saoránachta fíorúil an 28 Aibreán sular éirigh sí as ar feadh tréimhse sé mhí mar Aire gan ceannas Roinne.



Tháinig an tAire Coimirce Sóisialaí, Heather Humphreys TD, i gceannas ar an ról mar Aire Dlí agus Cirt ar feadh tréimhse sé mhí, leis an Aire Stáit Hildegarde Naughton TD ag glacadh le freagracht as Ceartas Sibhialta agus Coiriúil agus an tAire Stáit James Browne TD ag leanúint d'athchóiriú an dlí a chumhdach agus ag glacadh le freagracht as ceisteanna inimirce

### **An chéad chruinniú den Tascfhórsa Ardleibhéil maidir le dúshlán mheabhairshláinte agus andúile daoine atá ag idirghníomhú leis an gcóras ceartais choiriúil**

Tionóladh an chéad chruinniú den Tascfhórsa Ardleibhéil maidir le dúshlán Mheabhairshláinte agus andúile daoine atá ag idirghníomhú leis an gcóras ceartais choiriúil trí fhíschomhdháil an 28 Aibreán. D'fhreastail an tAire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt, James Browne TD, agus Airí Stáit sa Roinn Sláinte, Mary Butler TD agus Frank Feighan TD ar an gcruinniú.

Ba í Kathleen Lynch, an tIar-Aire Stáit maidir le Cúram Príomhúil, Meabhairshláinte agus Míchumas, a rinne cathaoirleacht ar an gcruinniú, bhí oifigh shinsearachá na Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Phromhaidh, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Roinn Sláinte agus an HSE, an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, an Roinn Tithíochta agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i láthair.

### **Casann an tAire le Coimisinéir na nGardaí**

I gcoinne luath ina hAire Dlí agus Cirt, chas Heather Humphreys TD, le Coimisinéir na nGardaí i Stáisiún na nGardaí i Muineachán ar an 4 Bealtaine. Le linn an chruinnithe, pléadh raon saincheisteanna póilíneachta agus an comhoibriú leanúnach idir an Garda Síochána agus an PSNI.



## Casann an tAire Humphreys le contrapháirtithe ó Thuaisceart Éireann

Ar an 5 Bealtaine, chas an tAire le Brandon Lewis MP, Státrúnaí Thuaisceart Éireann, agus Naomi Long MLA, an tAire Dlí agus Cirt i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann. Thapaigh an tAire Humphreys an deis chun ceisteanna slándála a phlé leis an Státrúnaí.

Dúirt an tAire Humphreys “Tá sé tábhachtach go leanfar de na meicníochtaí agus creata atá curtha i bhfeidhm againn i ndáil le comhoibriú Thuaidh Theas a úsáid ar an mbealach is fearr agus is féidir. Tá comhoibriú láidir ar bun idir an dá dhlínse cheana féin maidir le ceisteanna ceartais, a gcuirtear leis trí chomhoibriú struchtúrtha faoin gComhaontú Idir-Rialtais maidir le Comhoibriú ar Cheartas Coiriúil.”

## Fáiltítear roimh na chéad chiontuith mar gheall ar Gháinneáil ar Dhaoine

Chuir an tAire Stáit um Cheartas Sibhialta agus Coiriúil fáilte roimh na ciontuith a tugadh i gCúirt Chuarda Choiriúil an Mhuilinn Chearr ar an 11 Meitheamh, mar gheall ar Gháinneáil ar Dhaoine, arb iad na chéad chiontuith den chineáil seo in Éirinn iad. Cheadaigh an Rialtas pleananna do Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin (MNA) athbhreithnithe ionas go mbeadh sé níos éasca d’íospartaigh gáinneála ar dhaoine teacht chun tosaigh agus tacaíocht a fháil. Chomh maith leis sin, fuair an tAire Naughton ceadú chun scéim ghinearálta de Bhille a dhréachtú chun an MNA nua a chur ar bhonn reachtúil. Cuirfidh an MNA bealach ar fáil do ghníomhaireachtaí, idir ghníomhaireachtaí Stáit agus na sochaí sibhialta araon, chun comhoibriú, faisnéis a roinnt maidir le híospartaigh fhéideartha, na híospartaigh sin a aithint agus éascaíocht a dhéanamh ar theacht a bheith acu ar chomhairle, cóiríocht agus tacaíocht.

## Cumhachtaí na nGardaí le nuachóiriú agus le nuashonrú faoi Bhille nua

D’fhoilsigh an tAire an Scéim Ghinearálta de Bhille an Gharda Síochána (Cumhachtaí) ar an 14 Meitheamh, i ndiaidh ceadú a fháil ón Rialtas. Bhí foilsíú an Bhille ina phríomhghéalltanas sa Phlean Ceartais 2021. I gcomhréir le moladh ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, cuirfidh an Bille bonn reachtúil soiléir agus trédhearcach ar fáil do chumhachtaí reatha na bpóilíní maidir le cuardach, gabháil agus coinneáil, arna dtacú le cóid chleachtais reachtúla. Chomh maith leis sin, leagfar béim mhór ar chearta daonna. Áirítear leis sin cearta daoine amhrasta nó cúisithe araon, mar aon le cearta daonna gach duine sa tsochaí maireachtáil saor ó fhoréigean, mí-úsáid, coiriúlacht agus eagla.



*An Roinn Dlí agus Cirt, Saoránacht, Tiobraid Árann*

## 4.3 Iúil – Meán Fómhair

**An Roinn Dlí agus Cirt le bheith i gceannas ar straitéis náisiúnta nua uile-rialtais chun dul i ngleic le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe**

Ar an 14 Iúil, d'fhoilsigh an Rialtas iniúchadh neamhspleách faoi mar atá freagracht i ndáil le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGIB) deighilte ar fud ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. De bhun an iniúchta, comhaontaíodh gurb í an Roinn Dlí agus Cirt a leanfaidh de bheith i gceannas ar fhreagracht beartais i leith foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe. Beidh an Roinn anois i gceannas ar fhorbairt na straitéise nua ar fud an rialtais maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, atá le foilsiú sa bhliain 2022

**An Bord Parúil reachtúil a chur ar bun**

D'fhógair an tAire bunú an Bhoird Pharúil nua agus tús a bheith curtha leis an Acht Parúil ar an 11 Lúnasa. Is é cuspóir an Achta an próiseas parúil a chur ar bhonn reachtúil, agus Bord Parúil neamhspleách agus reachtúil a chur ar bun chun cinneadh a dhéanamh

ar iarratais ar pharúl. I ndiaidh tús a chur leis an Acht ar an 30 Iúil, tháinig méadú ar an tréimhse nach mór do phríosúnach ar gearradh pianbhreith shaoil air a chur isteach sula mbeidh an príosúnach incháilithe do bhreithniú le haghaidh parúil go 12 bhliain, ó 7 mbliana.

Ar an meán, is é an phianbhreith a cuireadh isteach le deich mbliana anuas sular scaoileadh amach príosúnach ar gearradh pianbhreith shaoil air ar parúl ná 18 mbliana. Tá bunú an Bhoird Parúil ar bhonn reachtúil ina ghníomh tosaíochta faoin bPlean Ceartais 2021 agus tá sé ina phríomhghéalltanas i gClár an Rialtais.

### **Cruinniú comhchéime fíorúil d'Airí Gnóthaí Baile arna Óstáil ag Uachtaránacht na Slóivéine**

Rinne an tAire Stáit ionadaíocht ar Éirinn ag an gcruinniú comhchéime fíorúil d'Airí Gnóthaí Baile AE, a gaireadh faoin gcreat um Fhreagra Comhtháite Polaitiúil ar Ghéarchéimeanna ar an 18 Lúnasa, 2021. Gaireadh an cruinniú comhchéime chun plé a dhéanamh ar an gcás reatha maidir le sreabhadh neamhrialta imirce isteach sa Liotuáin, sa Laitvia agus sa Pholainn.

Rinneadh plé mionsonraithe maidir leis an staid reatha sna Ballstáit bhuailte, agus chomhaontaigh na hAirí ráiteas comhpháirteach.

Le linn an chruinnithe, phléigh na hAirí an scéal práinneach san Afganastáin freisin a bhí ina ábhar díospóireachta ag cruinniú éigeandála d'Airí Gnóthaí Eachtracha AE ar an 17 Lúnasa.

### **Feachtas chun dlíthe nua a chur chun cinn chun dul i ngleic le híomhánna dlúthphearsanta a chomhroinnt gan chead**

Ar an 2 Meán Fómhair, d'fhógair an tAire Stáit Naughton gur féidir le híospartaigh, mar chuid de phlean an rialtais dul i ngleic le comhroinnt íomhánna dlúthphearsanta gan chead, comhroinnt ábhar mídhleathach ar líne a thuairisciú chuig Hotline.ie faoi láthair, a thabharfaidh cúnamh chun íomhánna agus físeán dá leithéid a bhaint den idirlíon.





Ta an mheicníocht tuairiscithe ina gné nua amháin d'fheachtas feasachta na Roinne Dlí agus Cirt chun a chur in iúl do dhaoine gur cineál mí-úsáide is ea íomhánna dlúthphearsanta duine eile a chomhroinnt nó a bhagairt iad a chomhroinnt gan cead a fháil uathu, agus tá dlíthe curtha i bhfeidhm anois chun é sin a stopadh trí phionóis suas le seacht mbliana i bpríosún.

### **An chéad chruinniú den fhoghrúpa speisialta den Fhóram um Iompraíocht Fhrithshóisialta chun iniúchadh a dhéanamh ar fhreagraí i leith coireacht scine**

Rinne an tAire Stáit Browne cathaoirleacht ar an gcéad chruinniú d'fhochoiste speisialta den Fhóram um Iompraíocht Fhrithshóisialta ar an 28 Meán Fómhair. Áirítear leis an bhfochoiste, a bunaíodh chun iniúchadh a dhéanamh ar fhreagraí i leith coireacht scine, ionadaithe ón Roinn, an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus comhaltaí de chuid comhlachtaí ceartais óige agus sábháilteachta pobail. Déanfaidh an grúpa measúnú ar an bhfianaise atá ar fáil chun bonn eolais a chur faoi bheartas maidir le coireacht scine, agus tagairt ar leith á dhéanamh d'éifeachtacht na moltaí, chun bonn eolais a chur faoi bheartais, clár agus cleachtais reachtaíochta agus sábháilteachta pobail araon.

### **Ceadaíonn an Rialtas Clár Iontrála d'Afganastánaigh**



Ar an 28 Meán Fómhair, mar fhreagra ar an ngéarchéim san Afganastáin, cheadaigh an Rialtas Clár Iontrála d'Afganastánaigh a chur ar bun. Chuir an Roinn tacaíocht phraiticiúil ar fáil trí bhíthin víosaí nó litreacha víosa a eisiúint ina ionad sin don chohórt seo chun éascaíocht a dhéanamh orthu taisteal chun na hÉireann.

Thug an tAire Stáit Browne aird ar an gcur chuige dearfach a ghlac oifigigh chun dlús a chur le hiarratais ó náisiúnaigh de chuid na hAfganastáine faoi scéimeanna inimirce reatha. Tríd an gClár Iontrála d'Afganastánaigh, a bhfuil leithdháileadh suas le 500 áit

ann, beidh náisiúnaigh reatha nó iarnaisiúnaigh de chuid na hAfganastáine atá ag maireachtáil in Éirinn ábalta iarratas a dhéanamh chun gar-bhaill teaghlaigh a thabhairt ón Afganastáin chun na hÉireann chun maireachtáil in éineacht leo.



*An Roinn Dlí agus Cirt, An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath*

## 4.4 Deireadh Fómhair – Nollaig

### Seoladh tionscnaimh feasachta nua in aghaidh gáinneáil ar dhaoine

Sheol an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII), agus an tAire Stáit Naughton tionscnamh feasachta poiblí maidir le gáinneáil ar dhaoine. Tharla an seoladh ar an lá céanna le lá frithgháinneála an AE, a chomórtar ar an 18 Deireadh Fómhair gach aon bhliain. Táthar ag tabhairt faoin bhfeachtas #AnyoneTrafficked 2021 le tacaíocht ó líon gníomhaireachtaí stáit agus eagraíochtaí neamhstáit eile. Le linn an fheachtais, tarraingíodh aird gur coir is ea gáinneáil ar dhaoine atá ag tarlú in Éirinn, gur minic a dhéanann gáinneálaithe brabús as cruatan a n-íospartach atá i bhfostaíocht éigeantach, agus nach mór don phobal a bheith san airdeall.

### Cuimhneachán 25 bliain den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Ar an 16 Deireadh Fómhair, chomóir an tAire 25 bliain ó bunaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla. Bunaíodh an Biúró sa bhliain 1996 i ndiaidh dhúnmharú an iriseora Veronica Guerin agus achtú ina dhiaidh sin an Achta um Fháiltas ó Choireacht 1996 agus an Achta fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996. Luaigh an tAire Humphreys gur ceann de scéalta móra ratha maidir le forfheidhmiú dlí na hÉireann is ea an Biúró.

### **An tAire McEntee fillte ar ais i ndiaidh saoire mháithreachais**

D'fhill an tAire Helen McEntee ar a ról ina hAire ar an 1 Samhain i ndiaidh sé mhí ar shaoire mháithreachais.

### **Mionsonraí maidir le maoiniú d'eagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh mí-úsáide agus coireachta chun comóradh a dhéanamh ar 16 lá gníomhaíochta in aghaidh foréigean inscnebhunaithe**

Ar an 25 Samhain, an Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan, dhearbhaigh an tAire mionsonraithe i ndáil le maoiniú breise do cheantair sa tír nó catagóirí d'íospartaigh nach gclúdaítear go iomlán faoi sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh faoi láthair. Mar chuid den '*Plean um Thacú le hAistear Íospartaigh*' chun cuidiú le híospartaigh agus finnétithe leochaileacha, tugadh faoi chleachtadh mapála chun bearnaí maoinithe a aithint agus faoin mbealach dul i ngleic leo sin a aithint. Aithníodh líon eagraíochtaí ina gcuirfeadh maoiniú breise ar a gcumas seirbhísí breise a chur ar fáil agus an réimse geografach tacaíochta a mhéadú d'íospartaigh choireachta.

### **Scéim shuntasach nua chun imircigh fhadtéarmacha gan doiciméid a thabhairt chun rialtachta**

Ar an 3 Nollaig, d'fhógair an tAire ceadú ón Rialtas le haghaidh scéim chun na mílte imirceach gan doiciméid agus a dteaghlach atá ag cur fúthu in Éirinn a thabhairt chun rialtachta.





Baineann an scéim, a bhí ina cuid bharrthábhachtach den Phlean Ceartais 2021, le himircigh fhadtéarmacha gan doiciméid agus a gcleithiúnaithe incháilithe, i gcás ina gcomhlíontar critéir ar leith. Cuirfear ar chumas iarratasóirí incháilithe fanacht agus maireachtáil sa Stát agus a stádas cónaithe a thabhairt chun rialtacha. Áireofar próiseas comhthreomhar leis an scéim chun an moladh a thugtar i dtuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh – arna threorú ag an Dr Catherine Day – a chur i bhfeidhm, trí chead a thabhairt d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta acu atá fós le réiteach agus a bhí páirteach sa phróiseas tearmainn ar feadh 2 bhliain ar a laghad, iarratas a dhéanamh.

### **An trú himeacht ceiliúrtha fíorúil chun fáilte a chur roimh na saoránaigh is nuaí de chuid na hÉireann**

Ar an 13 Nollaig, d'óstáil an tAire ceiliúradh fíorúil chun fáilte a chur roimh 1,800 duine a fuair saoránacht Éireann le gairid.



Bhí an t-imeacht ar an trú himeacht fíorúil chun fáilte a chur roimhe shaoránaigh nua i ndiaidh an rath a bhí ar na himeachtaí roimhe sin i mí Aibreáin agus mí Iúil. Fuair na saoránaigh Éireann is nuaí a gcuid deimhnithe eadóirseachta, mar chuid de chóras sealadach ina gcuirtear ar chumas iarratasóirí dearbhú reachtúil dílseachta don Stát a shíniú. Ón tráth ar osclaíodh an próiseas sealadach um dhearbhu reachtúil, fuair breis agus 7,400 duine an deimhniú eadóirseachta.

### **Cruinniú na nAirí Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile**

Rinne an tAire ionadaíocht ar Éirinn ag cruinniú na nAirí Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile a tionóladh sa Bhruiséil an 9-10 Nollaig. Ba é seo an chéad chruinniú fisiciúil de na hAirí CGB ó bhí tús na paidéime COVID19 ann.

Phléigh Airí Gnóthaí Baile: Ag cur in aghaidh bagairtí hibride agus dúshláin imirce; Next Generation EU – insíoltú na coireachta eagraithe a chosc; Comhoibriú idir údaráis inniúla atá ag déileáil le frithsceimhlitheoireacht; idir-inoibritheacht a chur i bhfeidhm; Rialachán ón gComhairle maidir le meicníocht measúnaithe agus monatóireachta do Schengen; conclúidí maidir leis na coinníollacha riachtanacha a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm iomlán an acquis Schengen sa Chróit; an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil, agus; réitigh inbhuanaithe a bhaint amach maidir leis an gComhaontú um Inimirce agus um Thearmann.

Le linn an chruinnithe, phléigh an lucht freastail: ceachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim COVID-19 i ndáil le feidhmiú na gcúirteanna agus athbhreithniú agus scrúdú breithiúnach a dhéanamh ar bhearta éigeandála; Athbhreithniú ar orduithe táirgthe agus caomhnaithe Eorpacha i ndáil le r-fhianaise; Aontachas AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD); Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus; cur in aghaidh fuathchaint agus coireacht fuatha d'fhonn Eoraip níos ionchuimsithí agus níos cosantaí a bhaint amach.

## 5. Reachtaíocht

### Billí Reachtaíochta Coiriúla a achtaíodh sa bhliain 2021

#### *An tAcht um Leanaí (Leasú) 2021*

Ritheadh an Bille um Leanaí (Leasú) 2021, ina gceadaítear leanaí básaithe atá ina n-íospartach coireachta a aithint go poiblí, trí gach céim den Oireachtas i mí Aibreáin 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Bealtaine, 2021.

#### *An tAcht um Ghóchumadh 2021*

Tríd an mBille seo, nuashonraítear dlí na hÉireann chun ceithre phíosa reachtaíochta AE sa réimse sin a léiriú. Chomh maith leis sin, foráiltear sa Bhille do chumhachtaí reachtúla i ndáil le monatóireacht, maoirseacht, forfheidhmiú agus roinnt cumhachtaí gaolmhara a bhaineann le trí ionstraim dlí AE idirghaolmhara atá i bhfeidhm: Rialachán 44/2009, lena leasaítear Rialachán 1338/2001, lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh; Rialachán ón gComhairle 1210/2010 maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil; agus Cinneadh ó Bhanc Ceannais na hEorpa, ECB/2010/14, maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil. Chomh maith leis sin, síníodh an Bille ina dhíl an 5 Iúil, 2021.

### *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2021*

Chuir an Bille um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2021, lena mbaintear forálacha do phianbhreitheanna éigeantacha íosta don dara cion agus do chionta ina dhiaidh sin, gach céim i gcrích i nDáil Éireann an 6 Deireadh Fómhair, 2021 agus síníodh é ina dhlí an 8 Nollaig, 2021. Bhí an Bille ag teastáil i ndiaidh rialú ón gCúirt Uachtarach in 2019.

### *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021*

Tríd an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021, trasúitear na gnéithe ceartais choiriúil agus roinnt gnéithe nach gnéithe ceartais choiriúil iad den Chúigiú Treoir ón AE maidir le Sciúradh Airgid a Chomhrac. Tríd an Treoir seo, déantar forbairt ar an gCeathrú Treoir maidir le Sciúradh Airgid a Chomhrac chun go mbeadh an tAontas níos ullmhaithe chun cosc a chur ar an gcóras airgeadais a úsáid le haghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Cinntíonn an tAcht seo go mbeidh creat rialála na hÉireann ag coinneáil suas leis an gcomhtháthú sreafaí airgeadais atá ag méadú sa mhargadh inmheánach, leis na treochtaí atá ag teacht chun cinn, le forbairtí teicneolaíochta agus le cosc a chur le coireacht eagraithe.

Shínigh an tUachtarán an tAcht an 18 Márta, 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm an 23-24 Aibreán, 2021.

### *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara) 2021*

Foráiltear sa Bhille do chionta nua reachtúla a bhaineann le mionnú éithigh, agus daoine a éilliú chun mionn éithigh a thabhairt, ráitis bhréige áirithe a dhéanamh, fianaise a chumadh agus ceisteanna gaolmhara eile. Chomh maith leis sin, cuirtear sainmhíniú soiléir agus reachtúil ar fáil ar mhionnú éithigh agus ba chóir go mbeadh sé níos éasca an cion agus cionta gaolmhara a ionchúiseamh sna cúirteanna. Tá sé seo ar cheann amháin de líon bearta ina ndéileáiltear le ceisteanna árachais, calaois árachais agus éilimh áibhéalta. Tá sé ar cheann de thosaíochtaí barrthábhachtacha an Rialtais díriú ar árachas a athchóiriú.

### *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Smuigleáil ar Dhaoine) 2021*

Síníodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Smuigleáil ar Dhaoine) 2021 ina dhlí an 15 Nollaig. Tagann an reachtaíocht nua in ionad an chuid is mó de ghnéithe an Achta um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000 agus tá sé ina léiriú ar fhorálacha thrí ionstraim idirnáisiúnta ina aghaidh smuigleáil daoine:

- Treoir ón gComhairle AE 2002/90/CE lena mínítear dul isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraíthe a éascú;
- Creat-Chinneadh ón AE 2002/946/CGB maidir leis an gcreat pionósach a dhaingniú chun cosc a chur le dul isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraíthe a éascú;
- Prótacal na NA in aghaidh Inimircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na NA in aghaidh Coireacht Eagraithe Trasnáisiúnta (2000).

Chomh maith leis sin, cuimsíonn an cionn athbhreithnithe réimse níos leithne cásanna – clúdaítear cuidiú le hiontráil, iompar nó láithreacht d’aon ghnó i gcás inarb eol do dhuine, nó a bhfuil cúis réasúnach aige lena chreidiúint go bhfuil sárú á dhéanamh ar fhorálacha dlí inimirce sonraithe. Agus cé go bhfuil an cion reatha teoranta d’éascaíocht a dhéanamh ar theacht isteach sa Stát, cuimsíonn an cion athbhreithnithe smuigleáil isteach i dtíortha eile (lena n-áirítear Ballstáit AE agus páirtithe i bPrótacal na NA in aghaidh smuigleáil daoine).

### *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú) 2021*

Tríd an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2021, cuirtear trasuíomh Threoir AE 2017/1371 i gcrích maidir leis an troid in aghaidh calaoise do leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, dá ngairtear an Treoir PIF de ghnáth. Tríd an Acht, leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001. Bunaítear leis an Treoir na rialacha íosta maidir le sainmhíniú a thabhairt ar chionta agus smachtbhannaí coiriúla i ndáil le calaois agus gníomhaíochtaí mídhleathacha eile a chomhrac a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Shínigh an tUachtarán é ina dhlí an 18 Márta, 2021.

### *An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 2021*

Forálann an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, ar shínigh an tUachtarán ina dhlí é an 24 Bealtaine, 2021, do réamhéisteachtaí trialach den chéad uair i ndlí na hÉireann. Tá sé d’acmhainn ag na héisteachtaí seo feabhsuithe agus éifeachtúlachtaí ollmhóra a thabhairt dár gcóras ceartais choiriúil – dul chun cinn ceart a bhraithfidh na páirtithe ar fad, lena n-áirítear íospartaigh, giúiréithe, agus cosantóirí. Féadann argóint dhlíthiúil maidir le hinghlacthacht fianaise agus ceisteanna eile dá leithéid a bheith fadálach agus cur leis an bhfad ama a mhaireann cásanna. Trí réamhéisteachtaí trialach, cuideofar lena chinntiú freisin gur féidir cuid mhaith de na ceisteanna seo a phlé agus a réiteach

sula ndéantar giúiré a rollú, chun moill agus cur isteach a laghdú, agus cuidiú le himeachtaí a choinneáil ag feidhmiú de réir an sceidil agus ar bhealach níos éifeachtúla.

## Billí Reachtaíochta Coiriúla a foilsíodh in 2021

An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta) 2021

Bille an Gharda Síochána (Cúiteamh) 2021

Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta) 2021

An Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú) 2021

## Scéimeanna Ginearálta do Reachtaíocht Choiriúil a foilsíodh in 2021

An Bille um Cheartas Coiriúil (Coireacht Fuatha)

An Bille um Barántas Gabhála Eorpach (Leasú)

An Bille fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Moilleanna in imeachtaí Cúirte)

Bille an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach)

Bille an Gharda Síochána (Cumhachtaí)

An Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

## Billí Reachtaíochta Sibhialta a achtaíodh in 2021

*An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) 2021*

Síníodh an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) 2021 ina dhlí an 26 Bealtaine, 2021. Leis an Acht, déantar roinnt athruithe ar an Acht um

Dhócmhainneacht Phearsanta 2012, chun cuidiú le daoine atá ag streachailt a gcuid fiacha a íoc teacht níos éifeachtaí a bheith acu ar phróisis agus réitigh maidir le dhócmhainneacht phearsanta, i bhfianaise na paindéime COVID-19. Níl na hathruithe teoranta do thréimhse na paindéime, toisc go meastar iad a bheith luachmhar i ndiaidh na tréimhse sin. Tríd an Acht, cinnteofar go mbeidh teacht níos éifeachtaí agus níos praiticiúla ar réitigh dhócmhainneachta pearsanta ag teaghlaigh ar mhian leo fanacht ina dteach cónaithe agus atá toilteanach oibriú trína gcuid fadhbanna i ndáil le fiachas.

### *An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021*

Forálann an Bille seo d'athruithe ar fud líon réimsí beartais thábhachtacha. Tá líon athruithe i gceist atá ríthábhachtach i ndáil le hathchóiriú an phróisis cúirte ar tríothu sin a mbainfear amach éifeachtúlachtaí suntasacha chun leasa na Seirbhíse Cúirteanna agus úsáideoirí seirbhísí cúirte. Trí seo, déanfar éascaíocht ar oifigí agus próisis cúirte áirithe a lárú agus a uathoibriú. Athchóiriú barrthábhachtach amháin den Bhille seo is ea go ndéanfar éascaíocht ar chomhpháirtíochtaí dlíthiúla nua a thabhairt isteach, a chuirfidh ar chumas abhcóidí agus aturnaetha seirbhísí dlí a chur ar fáil i gcomhpháirt den chéad uair, ar trí sin a chuirfear réimse seirbhísí agus saineolas dlíthiúil níos mó ar fáil dá gcliaint. Chomh maith leis sin, tugtar leis an mBille seo éifeacht dhlíthiúil do ghealltanais an Rialtais an líon breithiúna Ard-Chúirte a mhéadú. Síniúdh ina dhlí é an 2 Iúil, 2021.

### *An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú) 2021*

Leis an mBille, cuirtear ar chumas an Rialtais rialú agus ceadúnú pearsanra slándála, a chuidíonn leo sin atá ag forfheidhmiú orduithe cúirte maidir le díshealbhuithe agus athshealbhuithe, a thabhairt laistigh de shainchúram an Údaráis Slándála Phríobháidí. Is é príomhchuspóir an Bhille 'garda forfheidhmithe' a chur isteach mar chatagóir nua sa liosta de sheirbhísí slándála príobháideacha a cheadaíonn an tÚdarás Slándála Príobháidí faoin Acht 2004.

Tríd an gcatagóir seo de gharda forfheidhmithe a shainmhíniú agus a chur isteach, tugtar aghaidh ar bhearna sa reachtaíocht ar tríthi sin nach raibh daoine a bhí ag forfheidhmiú orduithe cúirte faoi réir rialaithe nó ceadúnaithe roimhe sin ag an Údarás Slándála Príobháidí. Chomh maith leis sin, déantar roinnt leasuithe breise sa Bhille lena n-áirítear cead a thabhairt don Údarás Slándála Príobháidí diúltú ceadúnas a athnuachan, nó ceadúnas comhlacht corparáideach a chur ar fionraí nó a chúlghairm as ucht gníomhartha a chuid comhaltaí. Síniúdh é ina dhlí an 12 Iúil, 2021.

### *An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha*

Ritheadh an Bille trí dhá Theach an Oireachtais Dé Céadaoin, an 24 Samhain, agus shínigh an tUachtarán Michael D. Higgins é ina dhlí Dé hAoine, an 26 Samhain. Aisghaireadh roinnt athruithe sa dlí maidir le héasúintí forordaitheacha agus profits à prendre, faoin Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009, a bhí le teacht i bhfeidhm Dé Céadaoin, an 1 Nollaig. Is éard atá i gceist le profits à prendre ná cearta eile ar thalamh duine eile, ar nós cearta iascaireachta nó foghlaeireachta, a fuarthas trí 'forordú', trí úsáid fhada mar cheart, nuair nach bhfuil aon ghníomhas i scríbhinn i gceist ina gceadaítear an ceart go foirmiúil, nó i gcás inar cailleadh an ghníomhas i scríbhinn.

## **Scéimeanna Ginearálta do Reachtaíocht Shibhialta a foilsíodh in 2021**

Am Bille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) – Meitheamh 2021

An Bille um Rialáil Cearrbhachais – Deireadh Fómhair 2021



## 6. Dul chun cinn faoi Phlean Ceartais 2021

Ba é Plean Ceartais 2021 an chéad phlean de shraith pleananna bliantúla chun an uaimhian a leagadh amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Dlí agus Cirt 2021-2023, *Éire shábháilte, chóir agus uilechuimsitheach*, a bhaint amach.

Cuirtear gníomhartha sa phlean ina ngrúpaí laistigh de na cúig cholún straitéiseacha don tréimhse trí bliana seo:

6. Dul i glic le coireacht, cur leis an tslándáil náisiúnta agus póilíneacht a athrú ó bhonn.
7. Rochtain ar cheartas a fheabhsú agus an córas cúirteanna a nuachóiriú.
8. Sábháilteacht phobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac.
9. Córas inimirce cothrom a chur ar fáil d'aois dhigiteach.
10. Dlús a chur le nuálaíocht, claochlú digiteach agus gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais.


Lena chinntiú go mbeadh dul chun cinn i ndáil leis na gníomhartha faoin bPlean Ceartais a bhaint amach intomhaiste agus trédhearcach, thug an Roinn gealltanas dhá thuarascáil ar dhul chun cinn in aghaidh an Phlean a fhoilsiú gach bliain, i lár na bliana agus ag deireadh na bliana.

Thug an Rialtas tuarascáil lár na bliana ar dhul chun cinn don Phlean Ceartais 2021 dá aire agus foilsíodh í in 2021 agus tá athbhreithniú deireadh bliana an Phlean Cheartais 2021 leagtha amach thíos.

Tá Plean Ceartais 2021 agus Ráiteas Straitéise 2021-2023 na Roinne Dlí agus Cirt foilsithe ar [www.gov.ie](http://www.gov.ie).

Den 321 gníomh atá sa Phlean Ceartais 2021, baintear amach 220 (69%) agus tá tuilleadh oibre ag teastáil i leith 101 (31%) chun iad a chur i gcrích.

Gabhadh na nuashonraithe ar stádas deireadh bliana do ghníomhartha an Phlean Ceartais amhail an 31 Nollaig 2021.



## 6.1 Sprioc 1: Dul i glic le coireacht, cur leis an tslándáil náisiúnta agus póilíneacht a athrú ó bhonn

De réir mar a leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2021-2023, i gcaitheamh na tréimhse trí bliana seo, díreoidimid ar na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas chun soláthar in aghaidh na sprice seo:

7. Seirbhís póilíneachta cheannródaíoch agus chuntasach a fhorbairt trí Sheirbhís Póilíneachta don Todhchaí a chur i bhfeidhm
8. Clár cuimsitheach a chur ar fáil chun feidhmiú an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú
9. Cibearchoireacht a chomhrac, tacú le sábháilteacht ar líne agus ullmhú do na dúshlán a bhaineann le hIntleacht Shaorga trí bheartais agus reachtaíocht níos tréine
10. Bearta a láidriú chun dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus eagraithe eile trí ghníomh intíre agus comhoibriú idirnáisiúnta
11. An dlí agus nós imeachta coiriúil a athchóiriú, a athbhreithniú agus a nuachóiriú chun cur le feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach agus chórais cheartais choiriúil agus tacú leis
12. Rialachas láidir sna comhlachtaí ar fad ar fud na hearnála ceartais choiriúil a chinntiú; agus maoirseacht dhúshlánach ach thacúil a chur ar fáil do na comhlachtaí sin

D'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach, dhíríomar ar na gníomhartha seo a leanas, a dtugtar tuairisc ar dhul chun cinn ina leith sin thíos.

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
1	Tacú le comhaltaí agus baill foirne Garda a fhostú ar bhonn leanúnach agus le hath-implonnú ar phóilíneacht líne thosaigh		R4	Bainte Amach	
1		1.1 Sprioc de 400 ath-implonnú bainte amach in 2021 chun acmhainn na nGardaí a mhéadú le haghaidh obair thábhachtach póilíneachta líne thosaigh	R4		Cuireadh 98 ath-implonnú i gcrích faoi dheireadh 2021, agus tionchar suntasach á imirt ag Covid. Ag díriú ar 170 ath-implonnú faoin bPlean Ceartais 2022
2	Tacú le Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheacht a an Gharda Síochána (AGS) lena chinntiú gur féidir leis an eagraíocht fórsa oibre éagsúil agus ionchuimsitheach a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, lena n-áirítear treochlár a ullmhú maidir le daoine ó chúlraí éagsúla a earcú		R2	Bainte Amach	
2		2.1 Tacú le hobair an tSainghrúpa Athbhreithnithe um Oideachas Fostaíochta agus Conairí Iontrála laistigh den Gharda Síochána	R4	Bainte Amach	

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
3	Oibriú le AGS, Roinn an Taoisigh agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun soláthar an phlean APSFF a chomhordú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear athbhreithniú lár na bliana agus tacú leis an Aire maidir le cur i bhfeidhm		R4	Bainte Amach	
4	An Bille um Póilíneacht, Slándáil, agus Sábháilteacht Pobail a chur chun cinn chun creat comhleanúnach nua a chur ar fáil maidir le rialachas agus maoirseacht i ndáil le póilíneacht		R1-R4	Bainte Amach – le cur chun cinn tuilleadh in 2022	
4		4.1 Ceadú Scéim Ghinearálta an Bhille (R1)	R1	Bainte Amach	
4		4.2 Foilsiú an Bhille (R4)	R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
4		4.3 Tús an phróisis reachtaigh (R1 2022)	2022		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022.
5	An t-athbhreithniú a chur i gcrích maidir le ról AGS i gcinntí maidir le hionchúisimh		R1-R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022.
5		o 5.1 An Tuarascáil Eatramhach a fhoilsiú R1	R1	Bainte Amach	
5		o 5.2 An Tuarascáil Deiridh a fhoilsiú R4	R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
6	Déan monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le húsáid a bhaint as teicneolaíocht naisc físe i gcásanna coiriúla chun coinneáil leis an dul chun cinn a rinneadh in 2020		R2	Bainte Amach	
6		o 6.1 Tuarascáil ar Dhul chun Cinn a fhoilsiú - R2	R2		Tuarascáil eatramhach curtha i gcrích in éineacht le hobair leanúnach chun moltaí a chur chun cinn.
7	Moltaí an ghrúpa athbhreithnithe maidir le Slándáil Cúirteanna a chur i bhfeidhm		R3		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
8	An creat reachtúil um shlándáil náisiúnta a athbhreithniú		R2-R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
8		o 8.1 An tuarascáil maidir leis an Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit a athbhreithniú - R2	R3	Bainte Amach - tuarascáil eatramhach faighte in 2021 i gcomhréir leis an ngrúpa athbhreithnithe TOR. An tuarascáil deiridh le foilsiú i bhfómhar na bliana 2022.	
8		o 8.2 Tús curtha le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha reachtacha eile (leanúnach)	Leanúnach	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh in 2022	

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
9	Tús a chur le próiseas scóipeála tionscadail maidir leis an mBille um Póilíneacht agus Sábháilteacht Pobail a chur i bhfeidhm i ndiaidh é a achtú		R4	Bainte Amach	
10	Dréacht-reachtaíocht maidir le húsáid a bhaint as ceamaraí a chaitear ar an gcolainn (Taifeadadh Digiteach) agus úsáid bhreise a bhaint as CCTV agus teicneolaíocht ANPR do AGS		R1-R3	Bainte Amach – le cur chun cinn tuilleadh in 2022	
10		10.1 An Scéim Ghinearálta a fhoilsiú – R1	R1	Bainte Amach	
10		10.2 An Bille a fhoilsiú – R3	R3		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
11	Scéim Ghinearálta de Bhille a dhréachtú chun cumhachtaí cuardaigh, gabhála agus coinneála póilíní a chódú		R1	Bainte Amach	
12	Tacú le feidhmiú bonneagair slándála éifeachtach i gcomhréir le moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn trí infheistíocht a dhéanamh i gcórais faisnéise chomhaimseartha agus acmhainní speisialtóra		R4	Bainte Amach	

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
13	Oibriú le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara chun na bearta leagáide atá i gComhaontú Áras Stormont agus gealltanais a tugadh de dhroim Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur chun cinn		R4	Bainte Amach	
14	Grúpa idir-rannach a bhunú chun an bealach ina n-oibríonn grinnfhiosrúchán na nGardaí a nuashonrú agus a chuíchóiriú		R1	Bainte Amach	
15	I gcomhar le gníomhaireachtaí eile, tús a chur le pleananna a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le coireacht gheilleagrach agus éilliú, i ndiaidh fhoilsiú athbhreithniú Hamilton		R1	Bainte Amach	
15		15.1 An plean gnímh ina dtugtar aghaidh ar na moltaí a fhoilsiú (R1)	R1	Bainte Amach	
15		15.2 Na téarmaí tagartha a dhréachtú agus tuairimí a lorg in ina leith don Chomhairle Chomhairleach chun aghaidh a thabhairt ar úinéireacht, feidhmeanna, struchtúir,	R2	Bainte Amach	



#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
		tuairisciú, agus cuntasacht (R2)			
15		15.3 Tús a chur leis an gComhairle Chomhairleach, a mbeidh príomhról aici i ndáil le mairseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm (R3)	R3		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
16	Comhairle Chomhairleach bunaithe ar chomhpháirtíocht thras-earnála a chur ar bun in aghaidh Coireacht Gheilleagrach agus Éilliú chun ceannaireacht a thabhairt don Phlean Gnímh maidir le Hamilton a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bord comhairleach nua a chur ar bun		R3	Bainte Amach	
17	Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin (NRM) athbhreithnithe a chur i bhfeidhm chun íospartaigh gáinneála a aithint agus tacú leo		R1-R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
17		o 17.1 Páipéar beartais NRM a fhoilsiú – R2	R2	Bainte Amach	
17		o 17.2 Breis tacaíochtaí praiticiúla a chur i	R1	Bainte Amach	

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
		bhfeidhm d'fospartaigh - R1			
17		o 17.3 Reachtaíocht nua a chur chun cinn - R4	R4	Bairr dréachtaithe don Bhille. An Scéim Ghinearálta le tabhairt chun críche faoi R1 i bPlean Ceartais 2022.	
18	Oibriú le páirtithe leasmhara na hearnála poiblí agus na sochaí sibhialta chun ár bpróisis agus creat reachtaíochta maidir le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac a athbhreithniú agus a láidriú		R1	Bainte Amach – le cur chun cinn tuilleadh in 2022	
19	An Bille um Smuigleáil ar Dhaoine a fhoilsiú chun oibleagáidí AE an NA a chur i bhfeidhm		R2	Bainte Amach	
20	Réimeas maoirseachta a thabhairt isteach do cheannaithe mínealaíne a bhfuil an tAire chun maoirseacht a dhéanamh orthu i ndiaidh achtú an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta)		R4	Bainte Amach	

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
21	Cigireachtaí i gcoinne sciúradh airgid a chur i gcrích trí mhodh cianda i gcásanna nach bhfuil scaradh sóisialta indéanta	21.1 cuirfear 50 cigireacht chianda i gcrích 2021	R4	Bainte Amach	
22	Páirt a ghlacadh i Measúnú Riosca faoi cheannas na Roinne Airgeadais maidir le soláthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta (TCSP)		R4	Bainte Amach	
23	Tuarascáil Chigireacht na nGardaí maidir le héilliú a fhoilsiú		R1	Bainte Amach	
23		o 23.1 Plean forfheidhmithe oibríochta a fhoilsiú (R3)	R3	Bainte Amach (faoi réir cead a fháil ón Rialtas)	
24	Tús a chur le scéim ghinearálta de Bhille um Chibearchoireacht a dhréachtú d'fhonn Coinbhinsiún Bhúdaipeist a dhaingniú		R4	Bainte Amach – le cur chun cinn i bPlean Ceartais 2022	
25	Leanúint i mbun tacú le hotline.ie trí rannpháirtíocht an tionscail a mhéadú agus trí oibriú leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lena chinntiú go bhfuil sainchúram agus príomhchúram hotline.ie ailínithe leis an gCoimisinéir		R2	Bainte Amach – le cur chun cinn i bPlean Ceartais 2022	

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
	um Choimisiún ar na Meáin agus um Shábháilteacht Dhigiteach atá beartaithe agus á gcomhlánú aige				
26	Leanúint de dhul i ngleic le hábhar mídhleathach ar líne trí mheicníochtaí fógra agus bainte anuas a neartú lena chinntiú go mbaintear gach cineál d'ábhar mídhleathach go gasta. Oibriú i ndlúthchomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun ullmhú do chur i bhfeidhm Acht an AE um Sheirbhísí Digiteacha agus na bhforálacha ar leith a bhaineann le hábhar mídhleathach ar líne a rialú		R3	Bainte Amach – le cur chun cinn i bPlean Ceartais 2022	
27	Leanúint d'obair i ndlúthchomhar le Biúró Náisiúnta na nGardaí um Chibearchoireacht chun tacú le leathnú na mol réigiúnach um chibearchoireacht		R1	Bainte Amach	
28	I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, moltaí a thabhairt chun críche chun		Leanúnach		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
	déileáil le smachtbhannaí díspeagadh cúirte i ndáil le sárúithe ar rialuithe i leith na meán sóisialta.				
29	Comhoibriú leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán is ceannasaí agus leis an nGarda Síochána maidir le hábhar dochrach ar líne a laghdú lena n-áirítear físeáin agus íomhánna foréigneacha		Leanúnach	Bainte Amach	
30	Tús a chur le forálacha Dlí Coco, an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochracha agus Cionta Gaolmhara 2020 chun cosc a chur ar dhrochúsáid ghnéasach íomhábhunaithe, agus feachtas feasachta a sheoladh		R1	Bainte Amach	
31	A chinntiú go soláthraíonn AGS nasc rathúil na hÉireann le SIS II chun faisnéis a mhalartú maidir le daoine aonair a bhfuiltear á lorg i ndáil le gníomhaíochtaí coiriúla		R1 - R2	Bainte Amach	

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
31		o 31.1 Reachtaíocht tacaíochta riachtanach a achtú faoi R2 2022	R2		Tús curtha leis an mBille um Smuigleáil Daoine. Aitheantas Frithpháirteach ar Phianbhreitheanna Coimeádta tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
32	Ullmhú don Rialachán AE maidir le Cosc a Chur le hÁbhar Sceimhlitheoireacht a a Scaipeadh ar Líne a chur i bhfeidhm agus tacú leis		R3		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
32		o 32.1 Grúpa oibre a bhunú le AGS - R1	R1	Bainte Amach	
32		o 32.2 Cinneadh maidir le hÚdarás inniúil a ainmniú d'fhonn údarás a bhunú i dtús na bliana 2022 - R3	R3		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
33	Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais rechtacha atá ag teastáil chun an pacáiste ECRIS- TCN a thrasú i nDlí na hÉireann. Síneann ECRIS- TCN an córas malartaithe faisnéise reatha i measc Ballstáit AE maidir le ciontuithe chuig náisiúnaigh tríú tír		R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
34	An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireacht a) a fhoilsiú chun tacú le bearta AE		r4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022

#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
	láidre chun sceimhlitheoireacht a chomhrac agus béim ar leith á leagan ar an riosca a bhaineann le taisteal chuig tríú tíortha chun dul i mbun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireacht a				
35	Ullmhúcháin bheartais a chur chun cinn maidir le reachtaíocht chun sonraí um Thairfead Ainmneacha Paisinéirí laistigh den AE a bhailiú		R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
36	Réiteach um theagmháil dhíreach le haeriompróirí a fhorbairt chun aeriompróirí breise a thabhairt ar bord chun sonraí TAP lasmuigh den AE a bhailiú		R3		Níor baineadh amach go fóill, níl sé curtha san áireamh sa Phlean Ceartais 2022,
37	Tacú le hiniúchadh a dhéanamh ar choiriúlacht idirnáisiúnta laistigh den Chreat um Chúnadh Frithpháirteach		Leanúnach	Bainte Amach	
38	Tacú le córas eiseachadta éifeachtach a fheidhmiú i gcomhréir le reachtaíocht		Leanúnach	Bainte Amach	
39	Tacú le feidhmiú an Bharántais Gabhála Eorpaigh i gcomhréir le reachtaíocht		Leanúnach	Bainte Amach	



#	Gníomh	Fo-Ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
40	Páirt a ghlacadh sa Tascfhórsa um Gníomhaíocht Airgeadais (TFGA) agus caighdeáin dea-chleachtais a ghlacadh i réimeas AML/CFT san earnáil Cheartais		Leanúnach	Bainte Amach	
41	Na gnéithe um cheartas coiriúil a bhaineann leis an gCúigiú Treoir um Sciúradh Airgid a thrasúí tríd an mBille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireacht a) a thosú agus a achtú		R1	Bainte Amach	
42	Beara AE um cheartas coiriúil atá fós le réiteach a thrasúí, lena n-áirítear bearta maidir le haitheantas frithpháirteach ar phianbhreitheanna coimeádta agus bearta maoirseachta, Leasanna Airgeadais an Aontais Eorpaigh (PIF) calaois agus góchumadh; cásanna gaolmhara CBAE a bhainistiú		R1-R4		Bille CJ (Aitheantas Frithpháirteach ar Phianbhreitheanna Coimeádta) roimh Thithe an Oireachtais agus tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
180	Riachtanais i leith reachtaíocht nua agus leasuithe ar reachtaíocht reatha sna réimsí maidir le hinimirce agus cosaint idirnáisiúnta a dhearbhu		R1	Bainte Amach	
181	Scéim chun imircigh gan doiciméid a thabhairt chun rialtacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus freagraí ar chomhairliúcháin á gcur san áireamh agus scéim a thabhairt chun críche lena foilsíú		R3	Bainte Amach	
181		181.1 Dréacht-tograí tugtha chun críche	R1	Bainte Amach	
181		181.2 An scéim seolta	R3	Bainte Amach	
182	Tús a chur le glacadh le hiarratais faoin scéim um thabhairt chun rialtacha, trí úsáid a bhaint as próiseas iarratais ar líne atá saoráideach do chustaiméirí		R4	Bainte Amach - ag glacadh le hiarratais ó dheireadh mhí Eanáir 22	
183	Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann leis an gComhchóras Tearmainn Eorpaigh chun aon bhearta a d'fhéadfadh Éire roghnú a bheith páirteach iontu a aithint, bíodh sin san am i láthair nó ag tráth níos déanaí nuair a bheidh na hidirbheartaíochtaí maidir leis an gComhaontú AE curtha i gcrích		R2	Bainte Amach	
184	Reachtaíocht maidir le saoránacht, inimirce agus cosaint idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna reatha		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
185	Reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche i ndáil le hinimirce agus cosaint idirnáisiúnta de réir mar is gá		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	

#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
186	Athbhreithniú a dhéanamh ar chineálacha iarratais bhreise a d'fhéadfadh athrú ina samhail réamh-imréitigh, d'fhonn cinnteacht a thabhairt d'iarratasóirí sula mbaineann siad Éire amach		R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
187	An Tarscaoileadh ar Víosá Ghearrfhanachta agus roghanna i leith Il-Víosá 5 bliana a athbhreithniú agus a chur ar fáil do thíortha eile		R2	Bainte Amach	
188	Tionscnaimh leathana a fhorbairt agus tairbhí éifeachtúlachta laistigh de SSI a aithint chun tacú le córas inimirce atá cothrom agus éifeachtúil		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
189	An tréimhse feithimh chun dul isteach sa mhargadh fostaíochta a laghdú ó 9 mí go 6 mhí agus an tréimhse bhailíochta le haghaidh cead dul isteach sa mhargadh fostaíochta a mhéadú ó 6 mhí go 12 mhí d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta		R1	Bainte Amach	
190	Meicníochtaí a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar shástacht chustaiméirí		R2	Bainte Amach	
191	Láithreán gréasáin nua a fhoilsiú do sheirbhísí inimirce in Éirinn, ina scríobhtar an t-ábhar ar fad i dteanga shoiléir		R1	Bainte Amach	
192	Cinnte a dhéanamh de go bhfuil an láithreán gréasáin ar fáil i gcúig cinn de na teangacha is coitinne a úsáideann ár gcustaiméirí		R3	Bainte Amach	Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
193	Cur le feidhm phíolótach an bhota comhrá le go mbeadh réimse níos mó custaiméirí in ann freagraí a fháil ar an toirt ar cheisteanna a bhaineann le hinimirce		R3	Bainte Amach	
194	Béarla simplí a chinntiú agus úsáid a bhaint as teanga shimplí agus shoiléir ar fud na gcomhéadan ar fad le custaiméirí a chur chun cinn		R3	Bainte Amach	

#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
195	Ról an Fhóraitm NGO um Inimirce a fhorbairt chun saincheisteanna suntasacha um sheirbhís do chustaiméirí a aithint agus a réiteach		R1	Bainte Amach	
196	Samhail dhearaidh do sheirbhísí inimirce amach anseo a thabhairt chun críche, in éineacht le plean forfheidhmithe trí chéim dó sin		R1	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
197	An t-aistriú chuig samhail nua a reáchtáil ar bhonn píolótach trí aonad láraithe um sheirbhís do chustaiméirí a thabhairt isteach atá dírithe ar dhá réimse próiseála cáis i dtús báire		R2	Bainte Amach	
198	An fheidhm phíolótach láraithe um sheirbhísí do chustaiméirí a athbhreithniú, agus an sainchúram a mhéadú chun gach réimse inimirce a chur san áireamh		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
199	An chéad chéim den aistriú chuig an tsamhail nua a chur i gcrích		R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
200	Athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail oibriúcháin an Aonaid um Bainistiú Teorainneacha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun bonn eolais a chur faoi iarrachtaí moltaí a chur i bhfeidhm a bhaineann le feidhmeanna inimirce i Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí		R1	Bainte Amach	
201	Grúpa stiúrtha a bhunú ina gcuimsítear ionadaithe ón nGarda Síochána agus ón Roinn Dlí agus Cirt		R2	Bainte Amach	
202	Tús a chur le feidhmeanna inimirce a aistriú ar bhonn píolótach ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chuig an Roinn Dlí agus Cirt		R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
203	Treochlár a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú chun na feidhmeanna inimirce ar fad a aistriú chuig an Roinn		R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022

#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
204	Ardchaighdeán rialuithe teorann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chaomhnú		R4	Bainte Amach	
205	Leanúint de leas a bhaint as Fóram na Roinne Dlí agus Cirt / na hOifige Gnóthaí Baile um an gComhlímitéar Taistil (CLT) d'fhonn sláine an Chomhlímitéir Taistil a chaomhnú		R4	Bainte Amach	
206	Grúpa oibre a fhorbairt ina gcuimsítear baill foirne na seirbhísí inimirce agus baill foirne Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chun bearnaí i mbeartais agus nósanna imeachta inimirce a aithint		R1	Bainte Amach	
207	Ról na feidhme um oifig ardchaighdeán a mhéadú i seirbhísí inimirce, agus bord um chomhsheasmhacht cásanna a chur i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht chomhsheasmhach		R1		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
208	Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas maidir le hinimircigh atá á gcoinneáil a choimeád i bpríosúin		R2		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
209	Táscairí feidhmíochta barrthábhachtacha a fhorbairt i ndáil le gach réimse gnó den tseirbhís inimirce		R1	Bainte Amach	
210	Staitisticí a fhoilsiú dhá uair sa bhliain ar a laghad maidir leis an líon iarratas a fuarthas, cásanna a cuireadh i gcrích, agus agaí próiseála tipiciúla ar fud na réimsí inimirce ar fad		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
211	Laghduithe intomhaiste in agaí próiseála cásanna a chur ar fáil ar fud na réimsí ar fad, agus béim ar leith á leagan ar iarratais ar shaoránacht, cosaint idirnáisiúnta agus Cearta Conartha AE		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	

#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor Baineadh Amach
212	Déanfaidh an Oifig um Ardchaighdeán bearta táirgiúlachta spriocdhírthe a fhorbairt le haonaid ghnó chun cuidiú le deireadh a chur le riaráistí		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	

## 6.5 Sprioc 5: Dlús a chur le nuálaíocht, claochlú digiteach agus gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais

Sé chuspóir straitéiseacha chun treoir a thabhairt dár gcuid oibre thar na trí bliana seo romhainn:

1. Seirbhísí digiteacha a mhéadú go suntasach ar fud na hearnála ceartais chun tacú leis an nGarda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, agus an Roinn Dlí agus Cirt féin a nuachóiriú, ár seirbhísí inimirce san áireamh
2. Córais teachtaireachtaí digiteacha a chomhtháthú ar fud na hearnála ceartais ionas go mbeifear in ann níos mó eolais a roinnt agus comhoibriú a mhéadú
3. Pleananna agus beartais a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta – lena n-áirítear flíteanna feithiclí agus eastáit a bhainistiú – chun tacú le spriocanna an Phlean Gnímh don Aeráid a bhaint amach
4. Agus ár seirbhísí a leagan amach an athuair, fócas a thabhairt isteach maidir le hinbhuanaitheacht, réitigh dhigiteacha agus ár lorg carbóin a laghdú
5. Cinnte a dhéanamh de go bhfuil an t-úsáideoir ag croílár gach aon seirbhíse a fhorbraímid ar fud na hearnála ceartais
6. Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt d'earnáil an cheartais

D'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach, dhíríomar ar na gníomhartha seo a leanas, a dtugtar tuairisc ar dhul chun cinn ina leith sin thíos.



#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor baineadh amach
213	Nuachóiriú na gcúirteanna: tacaíocht agus dúshlán cuí a thabhairt don tSeirbhís Chúirteanna le linn dóibh an clár nuachóirithe a bhaint amach, i gcomhréir le digitiú na hearnála ceartais choiriúil, d'fhonn idir-inoibritheacht na gcóras agus comhsheasmhacht dóibh sin a idirghníomhaíonn ar fud na hearnála ceartais a chinntiú		R2	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
214	Timpeallacht forbartha córas chomhaimseartha a chur i bhfeidhm inar féidir tacú le córais chasta bainistithe cásanna		R3		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
215	Ardán 'cód íseal' a chur i bhfeidhm chun tacú le córais sruthanna oibre shimplí (agus tús a chur leis an aistear chun go n-éireoimid as córais oidhreachta)		Leanúnach	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
216	Acmhainneacht ár soláthair seirbhísí digiteacha a mhéadú trínár n-athshlánú ó thubaiste a fheabhsú		R4		Níor baineadh amach go hiomlán go fóill, táthar ag leanúint den obair fós
217	Tacú le cianobair agus fleisc-am i gcónaí		Leanúnach	Bainte Amach	
218	Tosú ar 'droichead' a thógáil idir an Roinn agus Néal, chun tús a chur leis an bhféidearthacht maidir le hacmhainní Néil a úsáid		R2	Bainte Amach	
219	Athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna gnó TFC arna gcur isteach ag AGS agus iad a chur isteach chuig an Aonad um Rialachas a Mhaoirsiú chun iad a cheadú		R4	Bainte Amach	
220	Plean trí bliana a fhorbairt chun an Mol Oibriúcháin um Cheartas Coiriúil a mhéadú, d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar uathoibriú agus comhroinnt faisnéise níos fearr idir gníomhaireachtaí ceartais choiriúil,		R2	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean	

#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor baineadh amach
	mar aon le rochtain ar léargais atá treoraithe ag sonraí chun tacú le beartais a fhorbairt			Ceartais 2022	
221	Ar a laghad, tionscadail nua a chur ar fáil chun an malartú faisnéise maidir le sceidil chúirte, torthaí cúirte agus cúiseanna coiriúla idir an tSeirbhís Chúirteanna, An Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh a uathoibriú		R4	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh Phlean Ceartais 2022	
222	Plean Gnímh a fhorbairt chun deimhniú ISO50001 a chur i bhfeidhm don Roinn		R1	Bainte Amach	
223	Ráiteas Beartais maidir leis an Aeráid a fhoilsiú don earnáil Cheartais ina leagtar amach an bealach ina mbainfidh an earnáil cheartais a cuid spriocanna uailmhianacha aeráide agus éifeachtúlachta fuinnimh amach, lena n-áirítear trí ghlacadh le soláthar poiblí glas		R4		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
224	Tomhaltas fuinnimh a bhainistiú go héifeachtach trí mhonatóireacht leanúnach, straitéisí laghdaithe fuinnimh a chur i bhfeidhm		R4	Bainte Amach	
225	Uirlisí diagnóiseacha seirbhíse a fhorbairt chun tosaíochtaí a fháil amach		R2	Bainte Amach	
226	Plean chun próisis/seirbhísí oiriúnacha laistigh de SSI a aistriú ó bheith bunaithe ar pháipéar le bheith go hiomlán digiteach		R3	Bainte Amach	
227	Pleanáil Gníomhaíochta i leith Éifeachtúlacht Acmhainní (PGÉA) a chur i gcrích do gach foirgneamh Ceartais		R3	Bainte Amach	
228	An carbóin a ghintear ó gach eitilt oifigiúil a thaifeadadh; cúitimh charbóin a cheannach dó sin agus na torthaí a fhoilsiú		R1	Bainte Amach	
229	Réitigh dhigiteacha a fhorbairt chun cuidiú le priontáil agus riachtanais stórála páipéir a laghdú		R4	Bainte Amach	

#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor baineadh amach
230	Breithniú a dhéanamh ar chritéir inbhuanaitheachta a chur san áireamh maidir le tairiscintí ar earraí agus seirbhísí a mheas nuair is cuí		R2	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
231	Ár gcumas bainistithe tionscadail a fhorbairt, agus leanúint de mheon bainistithe tionscadail agus cur chuige láidir i leith tús áite a thabhairt do phortfóilíonna a neadú ar fud na heagraíochta		R3	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	
231		231. 1 Uirlis thiomnaithe i bhfeidhm chun tacú le bainistiú agus tuairisciú éifeachtach a dhéanamh ar phortfóilíonna.	R3		Níor baineadh amach go hiomlán go fóill, faoi réir conartha OSR
231		231. 2 Modheolaíocht chomhaontaithe i bhfeidhm maidir le tionscadail a roghnú agus tús áite a thabhairt dóibh	R3	Bainte Amach	
231		231. 3 Maoirseacht bhainistíochta a dhéanamh ar bhonn míosúil ar dhul chun cinn, rioscaí, acmhainní agus torthaí i ndáil le tionscadail	R3	Bainte Amach	
232	An Plean Gnímh um Sheirbhís do Chustaiméirí a fhorbairt agus a fhoilsiú		R3	Bainte Amach - le cur chun cinn tuilleadh sa Phlean Ceartais 2022	

#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor baineadh amach
233	Cur chuige atá dírithe ar úsáideoirí a ghlacadh maidir leis an tseirbhís dhigiteach nua a leagan amach, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as fréamhshamhaltú agus aiseolas ó úsáideoirí. Úsáid a bhaint as lionsa Leagan Amach Seirbhíse chun próisis na céime tosaigh agus cúil a bhreithniú agus an tionchar ag athruithe ar chustaiméirí agus fostaithe a mheas		R4	Bainte Amach	
234	Meicníochtaí gearáin agus aiseolais a chur ar fáil do chustaiméirí, lena n-áirítear faoi sheirbhísí digiteacha, chun deiseanna i ndáil le leagan amach a fheabhsú a aithint		R4	Bainte Amach	
235	Leanúint de líonraí tras-ghníomhaireachta a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht, smaointe a chomhroinnt, ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas a chomhroinnt.		Leanúnach	Bainte Amach	
236	Leanúint de tháscairí a fhorbairt ar fud na hearnála ceartais, ina ndíreofar ar thorthaí ar n-idirghabhálacha beartais		R3	Bainte Amach – le bheith mar chuid den Plean Ceartais 2022	
237	Trí úsáid a bhaint as Scórchárta Nuálaíochta na hEarnála Poiblí, déanfar iniúchadh bunlíne ar nuálaíocht laistigh den Roinn Dlí agus Cirt a chur i gcrích		R1	Bainte Amach	
238	Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Nuálaíochta na hEarnála Poiblí, agus breithniú á dhéanamh ar an iniúchadh bunlíne, anailís a dhéanamh ar bhearnaí chun ailíniú leis an Straitéis IM&T a chinntiú		R2	Bainte Amach	
239	Straitéis Nuálaíochta don earnáil cheartais a fhorbairt agus a fhoilsiú		R3		Tugtha ar aghaidh chuig an bPlean Ceartais 2022
















#	Gníomh	Fo-ghníomh	Soláthar	Bainte Amach	Níor baineadh amach
240	Infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh ina dtacaítear le ceannaireacht, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach san earnáil cheartais		R3	Bainte Amach	
240		240.1 Straitéis AD athbhreithnithe a fhoilsiú don Roinn	R3		Níor baineadh amach go hiomlán go fóill, táthar ag leanúint den obair fós
240		240.2 Ceannaireacht a thabhairt ar bhearta éagsúla a aithníodh faoi Gníomh 16 den ÁSP 2020 a chur i bhfeidhm	R3	Bainte Amach	
240		240.3 Tacú le tionscnaimh éagsúlachta agus monatóireacht a dhéanamh orthu mar chuid lárnach de ghníomhaireachtaí a rialú	R3	Bainte Amach	

## Aguisín 1: Gníomhaireachtaí, Oifigí agus Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Oibríonn muid i gcomhpháirtíocht le gach Gníomhaireacht, Oifig agus Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt.

Is féidir liosta cuimsitheach, lena n-áirítear na Boird/na Binsí ar fad atá faoi choimirce na Roinne, a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne.

### Ceartas Coiriúil

 An Garda Síochána	 An Búró um Shócmhainní Coiriúla	 Cigireacht an Gharda Síochána	 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
 AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA POLICING AUTHORITY	 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) Mental Health (Criminal Law) Review Board	 An tSeirbhís Phromhaidh The Probation Service	 The Parole Board An Bord Parúil
 Oifig an Chigire Príosún Office of the Inspector of Prisons	 An Binsé Cúitimh i leith Díobhála Coiriúla	 Eolaíocht Fhóiréiseach Éireann forensic science Ireland	 Oifig an Phaiteolaí Stáit
 Seirbhís Phríosúin na hÉireann Irish Prison Service	 An tÚdarás Slándála Priobháidí The Private Security Authority	 An Bord Achomhairc um Shláidail Phriobháideach	

### Ceartas Sibhialta

 An Bord um Chinsireacht Foilseachán	 An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán	 An tSeirbhís Chúirteanna Courts Service
 Oifig Chróinéara Dúiche Bhaile Átha Cliath Dublin District Coroner's Court	 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann Embassy Service of Ireland	 An Binsé um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta The International Protection Appeals Tribunal
 Comhairle na mBreithiúna The Judicial Council	 An Bord um Chúnamh Dílthiúil Legal Aid Board	 An tÚdarás Rialála Seirbhísí DLÍ Legal Services Regulatory Authority
 An Coimisiún um Chosaint Sonraí Data Protection Commission	 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann IFCO	 An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine
 An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bheithiúnacha Judicial Appointments Advisory Board	 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine Property Services Regulatory Authority	

Aguisín 2: Tuairisciú ar Sholáthar Poiblí Glas

Bliain tagartha 2021	A. Líon iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta	B. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta	C. Líon iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta agus a bhfuil SPG curtha san áireamh acu	D. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta agus a bhfuil SPG curtha san áireamh acu
<i>Earnáil Tosaíochta</i>				
Iompar	3	Níl sé taifeadta	0	0
Caiteachais ar Áitreabh Oifige	2	Níl sé taifeadta	0	0
Táirgí & Seirbhísí Glantacháin	3	Níl sé taifeadta	0	0
Trealamh Saotharlainne	19	Níl sé taifeadta	0	0
Teicneolaíocht na Faisnéise	19	Níl sé taifeadta	0	0
Cóiríocht	2	Níl sé taifeadta	0	0
Seirbhísí Gairmiúla	9	Níl sé taifeadta	0	0
Méideanna Iomlána	57	Níl sé taifeadta	0	0

### Aguisín 3: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

I mí Mheán Fómhair, 2015, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (“Ár nDomhan a Athrú ó Bhonn”). Is plean gníomhaíochta é Clár Oibre 2030 do dhaoine, pláinéad agus rathúnas agus tá feidhm aige maidir le tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha araon. Is é fócas Chlár Oibre 2030 na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) agus a 169 bhfo-sprioc faoi seach.

Cumhdaíonn na SFI uailmhianta amhail:

- deireadh a chur leis an mbochtaineacht
- forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe
- cosaint an chomhshaoil
- rochtain ar sheirbhísí sláinte agus oideachais
- comhionannas inscne
- sochaithe síochánta
- obair fhiúntach

Nótáiltear gníomhartha na Roinne Dlí agus Cirt faoi Spriocanna 5, 8, 10 agus 16

#### 5.2 Deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh mná agus cailíní sa réimse poiblí agus príobháideach, lena n-áirítear gáinneáil agus dúshaothrú gnéasach agus cineálacha eile dúshaothraithe

- Cuireadh tús le forbairt an Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe i mí Aibreáin 2021.
- Gné bharrthábhachtach den phróiseas seo chun an Straitéis nua seo a fhorbairt is ea Grúpa Feidhmiúcháin a chur ar bun (atá comhdhéanta d'ionadaí ón Roinn Dlí agus Cirt, ó Chomhairle Náisiúnta na mBan, agus ó Shlán Sábháilte in Éirinn faoi seach). Tá an grúpa seo ag fáil tacaíochta ó shainchomhairleoirí KW Research and Associates, a ceapadh sa ról seo i ndiaidh próiseas tairisceana iomaíche. Tháinig an coiste feidhmiúcháin le chéile mar fhoireann gach coicís ar a laghad chun oibriú ar an Tríú Straitéis a fhorbairt. Tá an Straitéis á fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil FBGIB.
- Déanfar an Straitéis a struchtúrú bunaithe ar cheithre cholún Choinbhinsiún Iostanbúl, is iad sin;
  - Cosc,
  - Cosaint,
  - Cúiseamh agus



➤ Comhordú Beartais

- Beidh sí ar an Straitéis is uailmhianaí go dtí seo agus leagfar síos sprioc neamhfhulaingthe i sochaí na hÉireann i ndáil le DSGBV.
- Le linn 2021, leanadh den obair maidir leis an 52 moladh ar fad a chur i bhfeidhm *Tacú le hAistear Íospartaigh, Plean chun Cuidiú le hÍospartaigh agus Finnéithe Leochaileacha i gCásanna d'Fhoréigean Gnéasach*. Is plean uailmhianach é seo chun athchóirithe tábhachtacha a thabhairt isteach chun tacú le hÍospartaigh leochaileacha agus iad a chosaint agus cur ar chumas an chórais cheartais choiriúil díriú níos mó ar Íospartaigh.
- Mar chuid den obair seo, síníodh reachtaíocht do réamhéisteachtaí trialach ina dlí an 24 Bealtaine, 2021. Trí úsáid a bhaint as réamhéisteachtaí trialach:
  - laghdófar an faitíos atá ar Íospartaigh i gcásanna d'fhoréigean gnéasach ar athÍospairt agus ar thráma an athuir;
  - cuirtear iarratais cosanta san áireamh maidir le cuir chuige íogaire dlí a d'fhéadfaí a ghlacadh roimh thús na trialach. Áirítear leis sin an t-Íospartach a cheistiú faoina thaithíocht nó taithíocht chollaí;
  - tabharfar cead don Íospartach an ceart a bheith aige/aici go ndéanfadh an t-abhcóide céanna ionadaíocht air/uirthi ag an Réamh-Thriail agus le linn na trialach fíre féin, nuair atá sé/sí á cheistiú faoina thaithí/taithí chollaí roimhe seo.
- Cuireadh i gcrích leathadh amach Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (ASCRanna) ar bhonn náisiúnta, ar tríothu sin a chinntítear go ndéileálann Gardaí ag a bhfuil saineolas speisialtóireachta acu le hÍospartaigh leochaileacha. Faigheann oifigigh a sannadh do ASCRanna oiliúint shaincheaptha chun dul i dteagmháil le hÍospartaigh leochaileacha lena n-áirítear modúil maidir le:
  - Imscrúdú a dhéanamh ar Choir Ghnéis;
  - Idirghabháil agus Imscrúdú a dhéanamh ar Dhrochíde sa Teaghlach;
  - Rannpháirtíocht Íospartach;
  - Ciontóirí Gnéis a Bhainistiú;
  - Dúshaothrú Leanaí ar Líne.
- Seoladh láithreán gréasáin feabhsaithe um Chairt d'Íospartaigh ina gcuirtear stór cuimsitheach faisnéise ar fáil d'Íospartaigh agus ina bhfuil rannán tiomnaithe ina gcuirtear sainfhaisnéis ar fáil d'Íospartaigh coireanna gnéis.
- Foilsíodh an Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú) 2021 ar trí sin a neartófar bainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chiontóirí gnéis sa phobal.

- Tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar dheontais d'eagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh chun bearnaí i dtacaíochtaí geografacha agus i gcatagóir na seirbhísí d'íospartaigh a chuirtear ar fáil a aithint.
  - Faoi Bhuiséad 2021, fuarthas €2.4m eile le haghaidh cláir shainiúla ardaithe feasachta agus oiliúna maidir le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe (FBGIB), lena n-áirítear feachtais maidir le toiliú agus mí-úsáid íomhána dlúthphearsanta.
  - Chomh maith leis sin, leithdháileadh €4.9m san iomlán chun tacú le híospartaigh na Coireachta, lena n-áirítear íospartaigh um fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe. Áirítear leis sin maoiniú éigeandála €400k i leith Covid a choinneáil chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na paidéime ar sheirbhísí um fhoréigean baile agus €785,000 breise i dtacaíochtaí díreacha do ENRanna agus do chlár idirghabhála ar leith maidir le foréigean baile.
  - Fuarthas €1.1m breise chun tús a chur le seirbhís um chomhairle dlí agus seirbhís um chúnamh dlí a chur i bhfeidhm sa chúirt d'íospartaigh um fhoréigean baile in 2022.
  - I mí na Samhna 2021, d'fhógair an tAire maoiniú breise €445,000 do 18 n-eagraíocht chun bearnaí i seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh a aithníodh mar chuid den athbhreithniú a rinneadh ar dheontais a líonadh.
- **8.7 Frithbhearta maidir le gáinneáil ar dhaoine**

I gcaitheamh na bliana 2021, thug an Roinn bearta suntasacha isteach chun gáinneáil a chomhrac, chun cur chuige a chruthú atá níos dírithe ar íospartaigh i ndáil le híospartaigh a aithint agus tacú leo, agus chun feasacht a ardú. Áiríodh leis an obair a rinneadh sa réimse seo:

- Athbhreithniú ar an gcreat don Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin a chur chun cinn le go mbeadh sé níos éasca d'íospartaigh gáinneála teacht chun tosaigh, iad a aithint agus teacht a bheith acu ar chomhairle, cóiríocht agus tacaíocht;
- Plean Gnímh Náisiúnta maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a dhréachtú;
- Oiliúint a fhorbairt, trí ENRanna, ina ndírítear ar bhaill foirne ar an líne thosaigh i dtionscail ar nós thionscal an fháilteachais, aerlíne agus loingseoireachta a d'fhéadfadh teacht i dteagmháil le daoine gáinneáilte;
- Cuireadh feabhsuithe ar an gCóras Ceartais Choiriúil chun tacú le híospartaigh trí Tacú le hAistear Íospartaigh a chur i bhfeidhm;
- Feachtas ardaithe feasachta nua a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair, i gcomhpháirtíocht leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII), chun forbairt a dhéanamh ar an rath a bhí ar fheachtais roimhe seo:

Maoiniú a mhéadú chun tacú le híospartaigh na coireachta go ginearálta agus maoiniú méadaithe tiomnaithe go sonrach chun tacú le híospartaigh gáinneála.

Mar aon le haird a tharraingt ar an obair leanúnach atá faoi bhealach chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus tacú leo sin atá ina n-íospartach gáinneála, tá sé tábhachtach a lua freisin gur in 2021 a thug na Cúirteanna in Éirinn na chéad bhreithiúnais i leith gáinneáil ar dhaoine.

Tagann Grúpa Ardleibhéil, a bunaíodh i mí na Samhna 2019, a chuimsíonn an Garda Síochána, an Roinn agus Oifig an SIP, le chéile go rialta agus coinníonn sé an creat reachtach agus oibriúcháin maidir le gáinneáil a imscrúdú agus a ionchúiseamh faoi athbhreithniú.

Ar an 11 Bealtaine, 2021, thug an Rialtas ceadú chun Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin athbhreithnithe a chruthú le go mbeadh sé níos éasca d'íospartaigh gáinneála teacht chun tosaigh, iad a aithint agus teacht a bheith acu ar thacaíocht. Tá an Scéim Ghinearálta den reachtaíocht chun an MNA a chur ar bhonn reachtach á dréachtú faoi láthair laistigh den Roinn.

Gné bharrthábhachtach maidir le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac is ea réitigh fhéideartha a aithint trí oibriú le comhpháirtithe ENR a oibríonn le hearnálacha den gheilleagar atá i mbaol agus le daoine leochaileacha. Tá maoiniú ón Rialtas tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt d'íospartaigh gáinneála agus do sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh.

Fuarthas iarratais ó ENRanna agus páirtithe leasmhara san earnáil frithgháinneála ar dhaoine i leith tacaíocht airgeadais agus do thionscnaimh ina ndírítear ar fheasacht a ardú agus oiliúint do bhaill foirne ar an líne thosaigh, don stát, d'údaráis áitiúla agus don tsochaí shibhialta maidir le gáinneáil ar dhaoine – an méid ar chóir súil a choinneáil amach dó, an méid ar chóir a dhéanamh, agus an áit inar féidir cuidiú a fháil.

Shínigh an tUachtarán Ó hUiginn an Bille um Cheartas Coiriúil (Smuigleáil ar Dhaoine) 2021 ina dhlí an 15 Nollaig. Tríd an reachtaíocht nua, treisítear dlíthe in aghaidh smuigleáil ar dhaoine. Clúdaítear réimse leathan cásanna lena n-áirítear, cuidiú le hiontráil, iompar nó láithreach d'aon ghnó i gcás inarb eol do dhuine, nó a bhfuil cúis réasúnach aige lena chreidiúint go bhfuil sárú á dhéanamh ar fhorálacha dlí inimirce sonraithe

Tá an Roinn ag déanamh dlúthstaidéir ar an tuarascáil agus ar na moltaí i dTuarascáil 'Trafficking in Persons' (TIPs) 2021 ó Roinn Stáit SAM. Aithníonn Coimisiún na hÉireann um Cheartas an Duine agus Comhionannas (CÉCDC) go bhféadfadh pleananna na Roinne Dlí

agus Cirt i leith meicníocht náisiúnta atreorúcháin a bheith ina céim shuntasach maidir le haghaidh a thabhairt ar easnaimh i bhfreagra na hÉireann maidir le deireadh a chur le gáinneáil. Chomh maith leis sin, tugann an Coimisiún aird ar bhearta le gairid chun cead a thabhairt ciontuithé daoine a bhféadfadh sé go raibh siad ina n-íospartach gáinneála ar dhaoine a scriosadh go cúlghabhálach.

- **10.7 Beartais Imirce**

Foilsíodh an Comhaontú um Imirce agus Tearmann Dé Céadaoin an 23 Meán Fómhair, 2020, agus cuimsítear ann Teachtaireacht a chuir Coimisiún an AE ar aghaidh agus pacáiste naoi n-ionstraim. Leagtar amach sa Chomhaontú tosaíochtaí an AE sna blianta amach romhainn a neartóidh cumas an AE freagairt do dhúshláin a chruthaíonn an imirce, agus a chruthóidh an imirce, don AE sna deich mbliana atá romhainn.

Tacaíonn an Roinn go hiomlán le hiarrachtaí an AE chun déileáil le ceist na himirce ar bhealach cuimsitheach iomlánaíoch lena n-áirítear:

- deiseanna méadaithe do chonairí dlíthiúla maidir le ligean isteach, lena n-áirítear athlonnú;
- bunú agus cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Comhpháirtíochta le tríú tíortha tábhachtacha;
- aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, agus comhaontuithe um fhilleadh agus athiontráil a fheidhmiú.

Tá éilimh thréimhsiúla ag teacht ón earnáil ENR i gcaitheamh go leor blianta chun bealach a chur ar fáil do dhaoine gan doiciméid a stádas imirce sa Stát a thabhairt chun rialtacha. Oibreoidh an Scéim a fógraíodh an 3 Nollaig, 2021 faoi chumhacht feidhmiúcháin an Aire Dlí agus Cirt agus beidh sé ar oscailt ar feadh 6 mhí.

Beidh sí oscailte do dhaoine nach bhfuil cead acu faoi láthair cónaí ina Éirinn e.g. tháinig siad go mídhleathach nó chuaigh a gcead in éag/ tarraingíodh a gcead siar blianta ó shin. Áireofar leis sin daoine a bhfuil Ordú Díbeartha orthu freisin, má chomhlíonann siad an riachtanas cónaithe gan doiciméid ón dáta a tháinig siad isteach sa Stát go mídhleathach nó ón dáta a cuireadh deireadh lena gcead dlíthiúil.

Beidh snáithe ar leith den Scéim i bhfeidhm d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (CI) atá sa phróiseas ar feadh 2 bhliain ar a laghad agus atá ag fanacht ar chinneadh go fóill. Rachaidh

an Príomhoifigeach um Chosaint Idirnáisiúnta i dteagmháil le hiarratasóirí CI ar bhonn aonair.

- **16.1-16.5 bearta chun foréigean, gáinneáil, aisghabháil sócmhainní, riail an dlí agus bearta frith-éillithe**

Mar aitheantas ar na dúshláin dhomhanda a bhaineann le coireacht airgeadais, tá Éire ina páirtí i líon ionstraimí idirnáisiúnta frith-éillithe, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (CNAIAÉ), Coinbhinsiún na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le hOifigh Phoiblí Eachtracha a Bhreabadh in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac, agus Coinbhinsiún Coiriúil Chomhairle na hEorpa in aghaidh an Éillithe (arna mhonatóiriú ag an nGrúpa Stát in aghaidh an Éillithe (GRECO)). Trí na comhaontuithe coiteanna seo, déantar forbairt ar fhrithsheasmhacht chomhchoiteann i leith an éillithe agus na coireachta airgeadais idirnáisiúnta.

Foilsíodh an tuarascáil ó Ghrúpa Athbhreithnithe Hamilton, Struchtúir agus Straitéisí a Athbhreithniú chun Coireacht Gheilleagrach agus Éilliú a Chosc, a Imscrúdú agus a Phionósú i mí na Nollag 2020. Tá líon moltaí inti ina ndírítear go príomha ar bhearta reachtacha, struchtúrtha agus acmhainne chun cur le cumas an fhorfheidmithe gníomhaireachta agus ilghníomhaireachta agus le cionta éillithe agus choireacht an bhóna bháin a chosc.

D'fhoilsigh an tAire McEntee an plean tras-rialtais maidir le hAthbhreithniú Hamilton a chur i bhfeidhm an 19 Aibreán, 2021. Leagtar amach 22 gníomh sa phlean forfheidmithe atá le cur i gcrích ag gníomhaireachtaí Stáit agus Ranna Rialtais d'fhonn moltaí ó Thuarascáil Hamilton a chur chun cinn.

Áirítear le moltaí a cuireadh chun cinn in 2021:

- Fóram d'ionadaithe sinsearacha ó na comhlachtaí oibriúcháin ábhartha a bhunú.
- An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 2021 a achtú, ar cuireadh tús leis an 28 Feabhra, 2022. Trí thús a chur leis an Acht seo, beifear in ann réamhéisteachtaí trialach a chur i gcrích, a chuirfidh feabhas ar thrialacha i ndáil le coireanna an bhóna bháin, coireacht eagraithe agus cionta casta eile agus laghdófar an baol go gcuirfí giúiréithe ar shiúl le linn trialacha, ar trí sin a mbeidh próiseas cúirte ann atá níos tapa agus níos éifeachtúla.

- rannpháirtíocht leis an gComhairle Bhreithiúnach maidir le hoiliúint bhreithiúnach a fhorbairt i ndáil le cásanna casta de choireacht gheilleagrach/éilliú.

Tá próiseas leanúnach ar bun chun na moltaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cumhachtaí níos mó a chur ar fáil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí chun dul i ngleic le coireacht gheilleagrach agus éilliú; Comhairle Chomhairleach in aghaidh na Coireachta Geilleagraí agus an Éillithe a bhunú; na hAchtanna Eitice a athchóiriú; agus acmhainní breise a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe. Chomh maith leis sin, tá Scéim Ghinearálta Bhille an Gharda Síochána (Cumhachtaí) 2021 ina léiriú ar dhul chun cinn i ndáil le líon moltaí reachtacha.

Bunaíodh Aonad Frith-Éillithe na nGardaí i mí na Samhna 2020 ar a leagtar sainchúram náisiúnta chun éilliú agus coiriúlacht a dhéanamh, nó a bhfuiltear in amhras go bhfuil a leithéid á dhéanamh ag An Garda Síochána nó Baill Foirne na nGardaí, a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Rinne AFÉG roinnt beartas a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú le háit oibre shábháilte agus eiticíúil, lena n-áirítear an Beartas Frith-Éillithe uileghabhálach, an Beartas um Theorainneacha Gairmiúla agus Mí-Úsáid Cumhachta ar mhaithe le Sochar Gnéasach, mar aon leis an mBeartas um Mí-Úsáid Substaintí (Drugaí Rialaithe).

Foilsíodh an Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána 'An Baol ar Éilliú Inmheánach a Chomhrac' i mí an Mhárta 2021. Sa Tuarascáil, déantar iniúchadh ar a éifeachtaí atá sé an baol ar éilliú inmheánach a chosc, a bhrath agus a laghdú in An Garda Síochána. I gcaitheamh na bliana 2021, bhí rannpháirtíocht fhairsing leanúnach ar bun idir oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus an Garda Síochána maidir le plean forfheidhmithe mionsonraithe a fhorbairt ina dtabharfar aghaidh ar gach aon cheann den 34 moladh.

Tá Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht a Chosc (BNGSCC) ina aonad náisiúnta, atá faoi shainchúram an Choimisinéara Chúnta, Coireacht Eagraithe & Tromchúiseach agus cuimsíonn sé trí Aonad Imscrúdaithe um Sciúradh Airgid agus Oifig Rannáin um Idirchaidreamh. Déanann pearsanra an Gharda a shanntar do na haonaid imscrúdaithe seo imscrúduithe ábhartha a chur i gcrích chomh maith le tacaíocht agus cúnaimh a chur ar fáil do phearsanra an Gharda i ngach rannán de chuid na nGardaí a dhéanann imscrúdú ar chionta sciúrtha airgid a bhfuiltear in amhras fúthu.

Tá an tAonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) neadaithe laistigh den BNGSCC, agus tá sé ina phointe glactha do Thuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha (TIA) a chuireann na hinstiúidí airgeadais agus comhlachtaí/daoine ainmnithe eile isteach, arb iad sin cuntasóirí, aturnaetha, ceannaithe earraí ardluacha, ceantálaithe, etc. faoi reachtaíocht na hÉireann

maidir le sciúradh airgid. Tá an AFA tacaíthe ag an Aonad Imscrúdaithe um Sciúradh Airgid (AISA).

Glacann an Biúró um Shócmhainní Airgid páirt i líon grúpaí idirnáisiúnta a oibríonn sa réimse maidir le fáltais na coireachta a aithint, a rianú agus a ghabháil agus tá sé ina chomhalta díobh. Chomh maith leis sin, tá an Biúró ina chuid de Choiste Stiúrtha an Ghréasáin Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CSGIC). Is líonra neamhfhoirmiúil é seo de theagmhálaithe agus grúpaí comhoibríocha maidir le sócmhainní coiriúla a aithint agus a aisghabháil.

Ritheadh dhá phíosa thábhachtacha de reachtaíocht choiriúil chun cuidiú le sciúradh airgid a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar choireacht an bhóna bháin tríd an Dáil in 2021.

Tríd an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021, treiseofar reachtaíocht reatha in aghaidh sciúradh airgid agus tabharfar éifeacht d'fhorálacha an Cúigiú Treoir ón AE um Sciúradh Airgid. Tríd an Acht seo, déantar cinnte de go gcoinníonn ár gcreat rialála ar chomhchéim le comhtháthú méadaitheach sreafaí airgid sa mhargadh idirnáisiúnta, na treochtaí atá ag teacht chun cinn, forbairtí teicneolaíochta agus cosc na coireachta eagraithe.

Tríd an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú), tugtar éifeacht don Treoir 2017/1371 ón AE maidir leis an gcomhrac in aghaidh calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh trí bhithin an dlí choiriúil. Leis an Treoir, bunaítear rialacha íosta maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i ndáil le calaois agus gníomhaíochtaí mídhleathacha eile (éillíú agus sciúradh airgid) a bhfuil tionchar acu ar leasanna airgeadais an AE a chomhrac.

Síneann an troid in aghaidh na coireachta eagraithe thar theorainneacha na hÉireann agus oibríonn an Garda Síochána i ndlúthchomhar le comhghleacaithe idirnáisiúnta chun líonraí de choirpigh thromchúiseacha a bhriseadh agus cosc a chur orthu ainnise a bhrú ar ár bpobail. Téann An Garda Síochána i gcomhairle le comhpháirtithe idirnáisiúnta póilíneachta agus slándála, ar nós EUROPOL agus INTERPOL, ar bhonn rialta agus comhoibríonn sé leo, agus trí obair an AFA, tugtar cuidiú nach beag don chomhrac domhanda in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.

## Aguisín 4: Comhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid

- **Gníomhaíochtaí na nÚdarás Inniúil um Chomhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid – tuarascáil faoi alt 65 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú**

Le halt 108 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, rinne an tAire Dlí agus Cirt, mar údarás inniúil faoin Acht arna leasú, feidhmeanna údarás inniúil an Aire a tharmligean chuig an Aonad Comhlíontachta um Fhrith-Sciúradh Airgid (ACFSA) sa Roinn.

Is uirlis thábhachtach faisnéise é láithreán gréasáin an ACFSA, [www.amlcompliance.ie](http://www.amlcompliance.ie), a úsáideann an ACFSA chun faisnéis a scaipeadh agus feasacht a ardú agus is ansin a fhoilseofar tuarascáil bhliantúil iomlán an ACFSA don bhliain 2021.

In 2021, rinne imscrúdaitheoirí rialála an ACFSA 280 cigireacht san iomlán ar dhaoine ainmnithe a ndéanann sé maoirseacht orthu. Don chéad chúig mhí den bhliain 2021, ní raibh an ACFSA in ann cigireachtaí a chur i gcrích ar an láthair mar gheall ar shrianta Covid-19 agus le linn na tréimhse sin, cuireadh cigireachtaí i gcrích ó chian trí úsáid a bhaint as físchomhdháil Webex agus Sharefile chun comhaid a aistriú go sábháilte.

I ndiaidh na srianta a mhaolú, cuireadh cigireachtaí ar an láthair i gcrích an athuair. Chuimsigh cigireachtaí na bliana 2021 106 cigireacht ar Cheannaithe Earraí Ardluacha; 138 cigireacht ar Sholáthraithe Seirbhísí Iontaobhais nó Cuideachta; 23 cigireacht ar nótaireí; 8 gcigireacht ar sholáthraithe cearrbhachais agus 5 chigireacht ar Chomhairleoirí Cánach / Cuntasóirí Seachtracha.

In 2021, phróiseáil an ACFSA 86 athnuachan ar údarú, iarratais agus cúlghairmeacha nua TCSP freisin. I gcaitheamh na bliana, mar chuid dá ghníomhaíochtaí for-rochtana, rinne an ACFSA cur i láthair do Dhámh na Nótaireí Poiblí in Éirinn agus d'óstáil sé seimineár gréasáin



ar líne do cheannaithe ealaíne ardluacha agus d'idirghabhálaithe a d'éirigh ina bpearsana ainmnithe faoi na leasuithe a rinneadh ar an Acht in 2021.

Chomh maith leis sin, rinne an ACFSA cur i láthair d'Fhóram Comhairleach na hEarnála Poiblí, Comhdháil Bhliantúil an Dlí-Chumainn maidir leis an Dlí Gnó agus don Dioplóma Iarchéime um Fháiltais Coireachta agus Imscrúdú Sócmhainní mar aon le casadh le comhlachtaí páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear Foras Cánachais na hÉireann agus Cumann Geallghlacadóirí na hÉireann.

## Aguisín 5: Inbhuanaitheacht


### 1. Fuinneamh


Tá dualgas ar an Roinn Dlí agus Cirt, mar aon le gach comhlacht poiblí, faoin bPlean Gnímh don Aeráid (CT 21) feabhsú 50% a bhaint amach in éifeachtúlacht fuinnimh (vs 2009) agus ár n-astaíochtaí gáis ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú 51% faoi dheireadh na bliana 2030 (in aghaidh an mheáin do na blianta 2016-18). Déanann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann monatóireacht agus tuairisciú ar ár ndul chun cinn gach bliain.

Léirítear sna sonraí tosaigh, a athchruthaítear thíos, gur bhainamar amach sábhálacha éifeachtúlachta fuinnimh 42.4% in 2021, is laghdú beag é seo ar an bhfigiúr 46% don bhliain 2020. (tá an figiúr don bhliain 2021 le deimhniú fós).

Mar gheall ar iarmhairtí díreacha ón bhfreagra i leith na paindéime Covid 19, dúnadh oifigí poiblí ar bhonn sealadach, agus formhór na mball foirne ag tabhairt aghaidh ar obair a dhéanamh sa bhaile, nuair ab fhéidir é. Cé gur fhill roinnt de na baill foirne ar an oifig i rith 2021, ní raibh tionchar mór aige sin ar ár gcoigilteas fuinnimh toisc go raibh na foirgnimh ar fad á dtéamh agus á bhfuair (nó á n-aerú) fós le linn 2020.

Cé nach raibh an **Fhoireann Ghlas** in ann teacht le chéile i bpearsa, cuireadh tús le hoiliúint a chur ar an bhfoireann, agus leanann an Roinn de bheith páirteach i scéim feasachta an OOP *Optimising Power @ Work*.





(Source: SEAI)

## 2. Fritháirimh Charbóin

Faoi chiorclán RCP 019-001-2020 ón Roinn Cosanta Poiblí agus Athchóirithe, ag tosú in 2020, ceanglaítear ar an Roinn Dlí agus Cirt na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le gach eitilt oifigiúil a dhéantar laistigh de bhliain féilire a thaifeadadh, agus méid comhfhreagrach a íoc isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, bunaithe ar an ráta cánach carbóin a bhí i réim (€26 in aghaidh an tonna in 2021). Tá an íocaíocht a ceanglaíodh don bhliain 2021 déanta ag an Roinn. Tá líon na n-eitiltí, iomlán an charbóin agus an fritháireamh carbóin dá dheasca sin don Roinn, do 2021, léirithe inár gcairt.

Achoimre ar Laghdú Carbóin don bhliain 2021			
	# eitiltí	An méid iomlán carbóin in kg	Costas an fhritháirimh charbóin
Eanáir	5	1457.8	€37.90
Feabhra	8	3693.3	€96.03
Márta	1	419.2	€10.90
Aibreán	2	466.4	€12.13
Bealtaine	8	3060.7	€79.58
Meitheamh	29	8907.6	€231.60
Iúil	15	5189.1	€134.92
Lúnasa	19	3600.1	€93.60
Meán Fómhair	18	4726.9	€122.90
Deireadh Fómhair	20	5092.2	€132.40
Samhain	40	13365.6	€347.51
Nollaig	26	9550.8	€248.32
<b>Iomlán</b>	<b>191</b>	<b>59529.7</b>	<b>€1,547.77</b>

